




An Roinn Gnóthaí
Eachtracha agus Trádála
Department of
Foreign Affairs and Trade

Tuarascáil Bhliantúil 2018



Réamhrá

An Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Simon Coveney, T.D.

Ba mhórhosaíocht é ionchur na Roinne leis an bhfreagra uile-Rialtais ar an mBreacimeacht in 2018. Bhí sé fíorthábhachtach dár n-iarrachtaí oibriú go dlúth leis na príomh-chomhpháirtithe idirnáisiúnta, go háirithe Príomh-Idirbheartaí an Choimisiúin Eorpaigh Michel Barnier agus a fhoireann. Trínár líonra taidhleoireachta, agus ag oibriú le Ranna eile an Rialtais agus le gníomhaireachtaí Stáit, tharraing an Roinn aird na gcinnteoirí idirnáisiúnta ar na cúinsí uathúla ar oileán na hÉireann. I gcroílár na n-iarrachtaí sin bhí cosaint na dtairbhí a baineadh as Comhaontú Aoine an Chéasta – agus comóradh á dhéanamh ar chothrom 20 bliain ón dáta ar síníodh é – agus a chinntiú nach dtabharfaí teorainn chrua isteach an athuair. Tá toradh an dlúthoibríthe sin le feiceáil sa dlúthpháirtíocht a léirigh Ballstáit eile AE agus na Comhpháirtithe in institiúidí AE ar feadh an phróisis idirbheartaíochta fhada maidir leis an mBreacimeacht.

Sa bhliain ina ndearnadh comóradh 20 bliain ar shíniú Chomhaontú Aoine an Chéasta, d'oibríomar, in éineacht le Rialtas na Ríochta Aontaithe, leis na páirtithe polaitiúla i dTuaisceart Éireann chun iarracht a dhéanamh comhaontú daingean a bhaint amach maidir le hathbhunú Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann agus atosú na Comhairle Aireachta Thuaidh-Theas.

Leanamar orainn ag rannchuidiú go dearfach le hobair na Náisiún Aontaithe, go háirithe i réimsí a bhaineann leis an tsíocháin agus leis an tslándáil, leis an dí-armáil, le cearta an duine, agus leis an bhforbairt idirnáisiúnta. Léiríomar a thábhachtaí is atá iltaobhachas dúinn i mí Iúil 2018 chomh maith, nuair a sheol Éire a feachtas le haghaidh ballraíochta de Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe in 2021-22. Táim fíorbhródúil go raibh Éire ina cathaoirleach ar an 62ú Coimisiún ar Stádas na mBan – an chéad uair a bhí an ról seo againn – agus, faoi cheannaireacht an Ambasadóra Geraldine Byrne Nason, bhí Éire i mbun toradh comhdhearcaidh ar chomhionannas inscne a bhaint amach agus tacú le cumhachtú na mban agus na gcaillíní faoin tuath.



© Julian Behal / RGET

Leagadh amach clár uaillmhianach in *Éire Dhomhanda 2025* chun ár raon feidhme agus ár dtionchar a mhéadú go hidirnáisiúnta. Mhéadaíomar ár líonra oifigí taidhleoireachta ar fud an domhain trí ambasáidí nua a oscailt in Wellington (an Nua-Shéalainn) agus in Monrovia (an Libéir), agus Consalacht nua a oscailt in Vancouver (Ceanada). Osclófar misin bhreise sna blianta amach romhainn chun go mbeimid in ann freastal níos fearr ar ár saoránaigh thar lear agus chun ár n-acmhainn maidir lenár gclár Cúnamh Éireann a sholáthar a threisiú. Agus iad ag oibriú i gcomhar leis na gníomhaireachtaí Stáit, feabhsaíomar ár nAmbasáidí agus ár gConsalachtaí nua cumas an stáit chun tacú le gnóthaí Éireannacha, infheistiúocht dhíreach eachtrach a mhealladh, agus agraibhia, turasóireacht, oideachas agus cultúr na hÉireann a chur chun cinn.

Níos cóngaraí dúinn sa bhaile, cuireadh feabhas mór ar ár seirbhís do shaoránaigh trínár Seirbhís Athnuachana Pas ar Líne a leathnú chun go bhféadfadh tuismitheoirí agus caomhnóirí pasanna leanaí a athnuachan ar líne. Chuir an Roinn cabhair agus seirbhísí chonsalachta ar fáil do na mílte saoránach Éireannach le linn 2018 chomh maith.

D'éirigh linn torthaí maithe a bhaint amach de thoradh ar iarrachtaí aonair agus iarrachtaí comhpháirteacha fhoireann na Roinne, sa bhaile agus thar lear, agus ar gach leibhéal. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an bhfoireann uile as a dtiomantas do leasanna náisiúnta agus domhanda na hÉireann a chur chun cinn ar feadh 2018. Go raibh míle maith agaibh.

Simon Coveney, T.D.

An Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála



© Julian Behal / RGET

An tAire Stáit ar a bhfuil freagracht ar leith as an Diaspóra agus Forbairt Idirnáisiúnta, Ciarán Cannon, T.D.

Chuir an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála roinnt tionscnaimh nua ar bun le linn 2018 a mbeidh tionchar acu ar a cuid oibre sna blianta amach romhainn.

Le linn 2018, rinne an Roinn ceiliúradh ar rannchuidiú uathúil dhiaspóra na hÉireann ar fud an domhain, agus cuireadh tús le hullmhúcháin le haghaidh Straitéis Diaspóra nua a chuirfeadh in ionad *Éireannaigh an Domhain – Beartas na hÉireann maidir leis an Diaspóra*. Cuireadh an chéad chlár do Lá Fhéile Bríde i bhfeidhm ag ár nAmbasáidí agus ár gConsalachtaí i mí Feabhra, lena n-áirítear an gConradh agus an gcruthaitheacht a thugann mná na hÉireann do raon ealaíon agus tionscal, agus i mí na Samhna, sheolamar *Blazing a Trail*, inar léiríodh saol agus oidhreacht 21 bean cheannródaíoch de chuid dhiaspóra na hÉireann.

Chuireamar le hoidhreacht fhada mhuintir na hÉireann ag iarraidh feabhas a chur ar shaol daoine eile anuraidh chomh maith, trí ghealltanais a thabhairt go mbainfimis amach ár sprioc de 0.7% den Ollioncam Náisiúnta a chur i leith cúnaimh forbartha oifigiúil faoin mbliain 2030. Chun tacú leis sin, bhí an Roinn i gceannas ar bheartas aitheantais nua na hÉireann faoin bhforbairt thar lear, *Domhain Níos Fearr*, a dhréachtú. Tionóladh comhairliúcháin phoiblí le muintir na hÉireann agus le grúpaí ón tsochaí sibhialta ó chúirí éagsúla. Bhí an-áthas orm páirt a ghlacadh i gceardlanna i nGaillimh agus i mBaile Átha Cliath agus díograiseacht mhuintir na hÉireann do thacú leo siúd i ngátar a fheiceáil.

Táim ag súil le tionchar dearfach na dtionscnamh sin a fheiceáil sna blianta amach romhainn.



© Roinn an Taoisigh

An tAire Stáit do Ghnóthaí Eorpacha, Helen McEntee, T.D.

Lean Éire ar aghaidh go gasta lena cuid ullmhúchán don Bhreiteimeacht le linn 2018.

Tugadh faoi fhor-rochtain dhian lenár gcomhpháirtithe AE lena chinntiú go bhfuil siad feasach ar ábhair inné agus tosaíochtaí na hÉireann. Léiríodh iad sin go hiomlán sa Chomhaontú Aistarraingthe agus sa Dearbhú Polaitiúil maidir leis an gcaidreamh sa todhchaí idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe, a comhaontaíodh le Rialtas na Breataine agus lena thacaigh an Chomhairle Eorpach i mí na Samhna 2018, agus in idirbheartaíochtaí ina dhiaidh sin.

Bhí rannpháirtíocht lenár saoránaigh, leis an tsochaí sibhialta agus le hearnálacha gnó i gcroílár fhreagra an Rialtais seo ar an mBreiteimeacht; lena n-áirítear an ceathrú seisiún den Chomhphlé Sibhialta Uile-Oileáin i mí Aibreáin, mar aon le sraith de Chomhphléití Eanála Uile-Oileáin.

Ó mhí Mheán Fómhair ar aghaidh, eagraíodh sraith imeachtaí ar fud na tíre, mar chuid d'fheachtas faisnéise poiblí an Rialtais "Éire a Ullmhú don Bhreiteimeacht", chun feasacht a mhúscailt ar na tacaí agus acmhainní atá ar fáil do shaoránaigh agus gnóthaí chun cabhrú leo ullmhú don Bhreiteimeacht. Foilsíodh an Plean Gníomhaíochta Teagmhais Náisiúnta i mí na Nollag, lena léiríodh go rabhamar tar éis céimeanna suntasacha a ghlacadh chun ullmhú don Bhreiteimeacht.

Tar éis do cheann de na ballstáit is mó in AE vótáil chun imeacht ón Aontas, bhí sé tábhachtach go ndéanfadh an tAontas breithniú ar an gcinneadh ollmhór sin. Chuige sin, stiúir mé an Comhphlé leis na Saoránaigh maidir le Todhchaí na hEorpa fud fad na tíre, agus bhí daoine aonair, gnóthaí agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta i gcroílár an phróisis sin. Reáchtáladh na comhphléití sin ar fud an 26 tír eile in AE chomh maith agus bhí ár dtuarascáil, a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair, ina faisnéis do chéad Chlár Oibre Straitéiseach eile AE, chun ár nAontas Eorpach a mhúnlú.

Tá sé fíorthábhachtach do thodhchaí an Aontais go gcuirfí chun cinn sa bhaile é chomh maith. B'in an chúis ar thug mé cuairt ar bhunscoileanna ar fud na hÉireann mar chuid de Chlár na Réalta Goirme, ag cabhrú chun tionchar dearfach AE a chur in iúl. Thug mé cuairt ar mhórán institiúidí tríú leibhéal ar fud na tíre chomh maith, chun aird a tharraingt ar na deiseanna poist atá ar fáil in institiúidí éagsúla AE don chéad ghlúin eile.



© RGET/Phil Behan

Réamhrá

An tArd-Rúnaí Niall Burgess

Ba bhliain spleodrach agus dhúshlánach í 2018 don Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála. Cé go raibh oscailt na n-oifigí nua in Monrovia, Vancouver agus Wellington i measc na bhforbairtí ba shuntasá a rinne an Roinn, táim bródúil as an raon nuálaíochtaí a tharla sa bhaile agus thar lear, agus as an gcaoi ar phléigh mo chomhghleacaithe leis an iliomad dúshlán a tháinig chun cinn sa saol athraitheach ina bhfeidhmímid.

In oirchill imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach, tá céimeanna á nglacadh ag ár Roinn chun acmhainn ár misin thar lear a fheabhsú chun plé leis na dúshláin agus na deiseanna a thiocfaidh chun cinn. Sheolamar feachtas na hÉireann le haghaidh suíochán tofa ar Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe don tréimhse 2021-22 sa bhliain 2018 chomh maith, lena léiríodh ár dtiomantas don iltaobhachas agus dár luachanna a chosaint sa chomhlacht cumhachtach sin.

Tháinig méadú ar an éileamh ar ár seirbhísí do chustaiméirí le linn na bliana. Tugadh é sin faoi deara go háirithe i seirbhís na bpasanna agus le líon na n-iarratas ar bhreith eachtrach a chlárú. Léirigh an Roinn a tiomantas do sheirbhísí den scoth a sholáthar do chustaiméirí trí thús a chur le seirbhís athnuachana pas ar líne agus d'éirigh thar barr léi. Faoi dheireadh na bliana, rinneadh beagnach aon cheathrú de na hiarratais uile ar phasanna tríd an gcóras sin.

Rinneadh dul chun cinn ar mhórán tionscnaimh chorparáideacha le linn na bliana, agus de thoradh air sin cinnteofar go bhfanfaidh beartais agus bonneagar na Roinne i gcomhréir leis an timpeallacht pholaitiúil agus eacnamaíoch dhomhanda a bhíonn ag síorathrú. Tá an-áthas orm gur ghlacamar ár bPleananna Gníomhaíochta maidir le hInscne, agus maidir le Comhionannas agus Éagsúlacht, agus gur sheolamar Líonra foirne LADT+ na Roinne. Ghlacamar le straitéis TFC nua chomh maith, lena gcuirfear feabhas ar an mbonneagar teicneolaíochta agus digiteach ar fud oifigí uile na Roinne agus lena gcinnteofar go mbeidh an trealamh iomchuí ag ár mbaill foirne go léir.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe go léir, idir chomhghleacaithe reatha agus iar-chomhghleacaithe, nach bhféadfadh an Roinn seirbhísí a sholáthar dár saoránaigh dá n-uireasa. Is féidir a lán tairbhí agus deiseanna a bhaint as oibriú leis an Roinn seo. Ach bíonn dúshláin i gceist chomh maith, go háirithe an tionchar a bhíonn ag uainíocht idir ceanncheathrúna agus láithreacha poist ar oifigigh agus a dteaghlaiigh araon. Is ionann an ghairmiúlacht agus an fuinneamh a léiríonn ár gcomhghleacaithe agus a gcomhpháirtithe gach uile lá agus léiriú ar na traidisiúin is fearr i státseirbhís na hÉireann.



Clár

Réamhrá	i-iv
Ár nÁit san Eoraip a Threisiú	01
Idirbheartaíocht maidir leis an mBreatimeacht	
Cuairteanna ar an Teorainn	
Ullmhacht don Bhreatimeacht	
Éire a Ullmhú don Bhreatimeacht	
Plean Gníomhaíochta Teagmhais	
An Ceathrú Seisiún Iomlánach den Chomhphlé Sibhialta Uile-Oileáin	
Comhphlé leis na Saoránaigh maidir le Todhchaí na hEorpa	
Éire Dhomhanda a Fhorbairt	07
Seoladh an Tionscnaimh Éire Dhomhanda 2025	
Misin Taidhleoireachta Nua a Oscailt	
Ambasáid na hÉireann, an Nua-Shéalainn	
Ard-Chonsalacht na hÉireann, Vancouver	
Clár na Scoileanna Domhanda	
Caidreamh idir Éire agus an Ríocht Aontaithe agus idir an Tuaisceart agus an Deisceart a Chur Chun Cinn	11
Cruinnithe Chomhdháil Idir-Rialtasach na Breataine-na hÉireann	
Comóradh 20 bliain ar Chomhaontú Aoine an Chéasta	
Rannpháirtíocht an Taoisigh agus an Tánaiste le Pobail i dTuaisceart Éireann	
Comóradh	
Comhar idir an Tuaisceart agus an Deisceart	
Éire agus Críocha Mheiriceá	15
Meiriceá Thuaidh	
Cuairt an Tánaiste ar Nua-Eabhrac agus Washington, D.C.	
Próifíl: MAGGIE COSTELLO	
Cúntóir Taighde, Ambasáid na hÉireann chuig na Stáit Aontaithe	
Meiriceá Laidineach agus réigiún Mhuir Chairib	
Próifíl: FABIOLA BALLESTEROS	
Comhordaitheoir Consalachta, Ambasáid na hÉireann, Meicsiceo	
Ambasáidí Nua agus Cuairteanna Airí	

Éire agus na Náisiúin Aontaithe 19

Seoladh Fheachtas Chomhairle Slándála na Náisiúin Aontaithe
Coimisiún na Náisiúin Aontaithe ar Stádas na mBan (CSW)

Ag Obair ar Son Domhan Níos Fearr 23

Comhairliúchán Poiblí ar Bheartas Forbartha Idirnáisiúnta
nua na hÉireann

Próifíl: MICHELLE WINTHROP
Speisialtóir Forbartha

Fóram Eacnamaíoch na hAfraice-na hÉireann 2018

An tSíocháin, an tSlándáil agus Cearta an Duine 27

Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil

Próifíl: JOHN BOYLAN
Beartas Slándála Idirnáisiúnta

Dí-armáil: Ag Obair i gCoinne Airm Phléascacha i
gCeantair a Bhfuil Cónaí lontu

Cur Chun Feidhme an Phlean Náisiúnta maidir
le Gnó agus Cearta an Duine

Rannpháirtíocht na hÉireann i gComhbheartas Slándála agus
Cosanta (CBSC) an Aontais Eorpaigh

Daingniú Leasú Kampala ar Reacht na Róimhe
den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta ar Choir an Ionsaithe

Ag Tacú le Muintir na hÉireann 33

Pas a Athnuachan ar Líne

Ár Saoránaigh Thar Lear

Cabhair Chonsalachta

Figiúirí Cabhair agus Seirbhísí Consalachta

Consail Oinigh

Seirbhísí Consalachta

Próifíl: JESSICA PENDER
Oifigeach Seirbhísí Consalachta

Ag Obair ar Son an Diaspóra

Back for Business

An taispeántas 'Blazing A Trail'

Gradam Scotsheirbhíse an Uachtaráin

Rathúnas na hÉireann a Chur Chun Cinn

39

Lá Fhéile Pádraig, 2018

Éire agus Réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise

Cuart an Tánaiste ar an tSín

Próifíl: XIAOLIN JIANG

Oifigeach Víosáí, Ambasáid na hÉireann, an tSín

Éire a chur chun cinn mar láthair turasóireachta,
gnó agus infheistíochta san IndiaCuart an Aire Oideachais
agus Scileanna ar an Malaeisia

Próifíl: LORNA HENNESSY

Ard-Chonsalacht na hÉireann, Sydney

Lá Bloom, 2018

Tionscnaimh Chultúrtha

Lá Fhéile Bríde i Londain

Seachtain na hÉireann in Los Angeles

Tionchar na hÉireann a Choinneáil

45

Cuairteanna Ardleibhéal

Próifíl: JUNE CARR

Oifigeach Prótacail

Pleanáil Beartais

Próifíl: NICOLE O'NEILL

Bainisteoir Acmhainní Daonna

Acmhainní Daonna na Roinne a Bhainistiú

An Plean Gníomhaíochta maidir le Comhionannas Inscne

An Plean Gníomhaíochta um Chomhionannas agus Éagsúlacht

Figiúirí Acmhainní Daonna

Gradam Shármhaitheasa agus Nuálaíochta na Státseirbhíse, 2018

Ár bhFeidhmíocht in 2018 ar na Meáin Shóisialta agus Ar Líne

Clár Scoláirí Uíbh Eachach

Iarratais ar Shaoráil Faisnéise agus Comhaid a Aistriú
go dtí an Chartlann Náisiúnta

Straitéis Faisnéise, Cumarsáide agus Teicneolaíochta

Ár mBuiséad

Cuntais na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála - Vóta 28

Cuntais na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála - Vóta 27

Measúnacht agus Iniúcháireacht

Ár nÁit san Eoraip a Threisiú



Ár nÁit san Eoraip a Threisiú

Idirbheartaíocht maidir leis an mBreatimeacht

Is í Éire an tír ar a mbeidh an tionchar is mó ag an mBreatimeacht i measc Bhallstáit AE, mar gheall ar na naisc thrádála, eacnamaíocha agus pholaitiúla atá againn leis an Ríocht Aontaithe. Ón tús, d'oibrigh an Rialtas go dian lena chinntiú gur thuig ár gcomhpháirtithe san Aontas Eorpach ár n-ábhair inmí agus ár dtosaíochtaí agus gur cuireadh iad sin san áireamh i staid idirbheartaíochta AE i rith phróiseas an Bhreatimeachta. Tionóladh breis agus 120 comhphlé, ar leibhéal sinsearach oifigiúil agus polaitiúil, le Ballstáit agus le hinstitiúidí AE, mar chuid den obair sin le linn 2018. Bhuail an Tánaiste le Michel Barnier, Príomh-Idirbheartaí an Choimisiúin Eorpaigh maidir leis an mBreatimeacht, ar naoi n-ócáid ar leith.

Mar thoradh ar rannpháirtíocht dhian agus leanúnach ar leibhéal AE, cuireadh ceisteanna agus ábhair inmí na hÉireann san áireamh sa Chomhaontú Aistarraingthe, lenar thacaigh an Chomhairle Eorpach agus lenar chomhaontaigh Rialtas na Breataine i mí na Samhna 2018. Tá Prótocal maidir le hÉirinn agus Tuaisceart Éireann san áireamh sa Chomhaontú Aistarraingthe, lena gcosnaítear Comhaontú Aoine an Chéasta agus na tairbhí a baineadh amach le próiseas na síochána. Tá 'cúlstad' lena mbaineann feidhm dhlíthiúil san áireamh ann chun a chinntiú nach mbeidh aon teorainn chrua idir Éire agus Tuaisceart Éireann. Tá gealltanais ann ón Ríocht Aontaithe nach maolóidh siad na cearta a leagadh amach i gComhaontú Aoine an Chéasta agus aithnítear leis go mbeidh daoine i dTuaisceart Éireann fós ábalta leas a bhaint as cearta saoránachta AE. Cosnaítear comhar idir an Tuaisceart agus an Deisceart leis chomh maith, mar aon le geilleagar uile-oileáin, agus caomhnaítear an Margadh Leictreachais Aonair ar oileán na hÉireann. Admhaítear leis an bPrótocal go gcoinneofar socrúithe an Chomhlímistéir Taistil idir Éire agus an Ríocht Aontaithe.

Chabhraigh an rannpháirtíocht dhian agus fairsing sin lenár gcomhpháirtithe AE chun a chinntiú go léireofaí príomhthosaíochtaí na hÉireann sa Dearbhú Polaitiúil maidir leis an gcaidreamh sa todhchaí idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe. Leagtar amach an uailmhian don idirbheartaíocht sin sa todhchaí sa Dearbhú Polaitiúil. Léirítear ann gur mian le hÉirinn, faoi réir na srianta a chruthaigh seasamh na Ríochta Aontaithe, go gcruthófaí an dlúthchaidreamh is fearr is féidir idir AE agus RA ionas go ndéanfaí an tionchar ar ár dtrádáil agus ár ngeilleagar féin a íoslaghdú.



An Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Simon Coveney, ag seoladh 'Éire a Ullmhú don Bhreatimeacht' © Phil Behan/ RGET

Cuairt ar an Teorainn ó Cheannairí Polaitiúla AE

Bhí na seacht gcuairt a thug Airí ó Bhallstáit éagsúla AE ar réigiún na teorann in 2018, mar aon le cuairteanna breise ar leibhéal oifigiúil, rithábhachtach chun tuiscint ar chás na hÉireann a chothú, agus bhí an tuiscint sin ina bonn faisnéise do thacaíocht AE do cheisteanna na hÉireann in idirbheartaíocht AE-RA maidir leis an mBreatimeacht. Rinne Rannán na hÉireann, na Ríochta Aontaithe agus Chríocha Mheiriceá de chuid na Roinne iad sin a éascú.



Nathalie Loiseau, Aire na Fraince don Eoraip ar cuairt ar an teorainn leis an Aire Stáit Helen McEntee, mí Feabhra 2018 © Maxwells

Ullmhacht don Bhreiteacht

Tugadh faoi ullmhú agus pleanáil ar fud an Rialtais ó 2016 i leith chun plé le raon cásanna maidir leis an mBreiteacht, lena n-áirítear an cás nach mbeadh aon chomhaontú aistarraingthe ann. Agus í ag obair i ndlúthchomhar le Ranna eile an Rialtais agus le Gníomhaireachtaí Stáit, bhí an Roinn i gceannas ar ullmhacht don Bhreiteacht a threisiú ar bhonn leanúnach in 2018.

I mí Iúil 2018 rinne an Roinn na bearta a phlé, lena áiríodh bonneagar agus earcaíocht maidir le baill foirne Custaim agus baill foirne eile, a mbeadh gá leo chun ullmhú don Bhreiteacht ar bhonn Comhaontú Aistarraingthe.

Éire a Ullmhú don Bhreiteacht

San áireamh leis na hiarrachtaí sin, ó mhí Mheán Fómhair 2018 ar aghaidh, mar chuid den chéad chéim d'fheachtas faisnéise poiblí a comhordaíodh go lárnach, 'Éire a Ullmhú do Bhreiteacht', cuireadh imeachtaí ar siúl ar fud na hÉireann chun faisnéis agus comhairle a chur ar fáil faoi ullmhú don Bhreiteacht agus faoi na bearta tacaíochta agus na hacmhainní a chuir an Rialtas ar fáil chun cabhrú le saoránaigh agus gnóthaí.

Eagraíodh imeachtaí faoi 'Éire a Ullmhú don Bhreiteacht' i gCorcaigh an 5 Deireadh Fómhair, i nGaillimh an 12 Deireadh Fómhair, i Muineachán an 19 Deireadh Fómhair, i mBaile Átha Cliath an 25 Deireadh Fómhair, i Luimneach an 23 Samhain agus i Leitir Ceanainn an 30 Samhain. Thug siad breis agus scór Gníomhaireachtaí le chéile, in éineacht lena máthair-Ranna – an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt – agus mealladh rannpháirtíocht láidir iontu le thart ar 2,500 freastalaí in iomlán idir na himeachtaí go léir.

Rinneadh tuairisciú suntasach ar na himeachtaí freisin sna meáin idirnáisiúnta (go háirithe sa Ríocht Aontaithe) lena tugadh deis aird a tharraingt ar chur chuige foriomlán na hÉireann agus a cúiseanna inní maidir leis an mBreiteacht.

Tá tionchar dearfach na n-imeachtaí faoi 'Éire a Ullmhú don Bhreiteacht' agus ghníomhaíochtaí faisnéise poiblí leanúnacha an Rialtais maidir le hullmhú don Bhreiteacht le feiceáil sa mhéadú ar líon na ngnóthaí atá ag baint leas as an iliomad tacaíochtaí gnó maidir leis an mBreiteacht atá á dtairiscint ag Gníomhaireachtaí Stáit. Mar shampla, bhain breis agus 4,000 cuideachta tairbhe as áis Scórchárta Breiteachta Fhiontraíocht Éireann mar an chéad chéim agus a bplean á fhorbairt acu le haghaidh an Bhreiteachta. Ar an dóigh chéanna, rinne 4,175 fiontar beag agus meánmhéide teagmháil dhíreach le Seirbhís Chomhairleach Idir-Thradáil Éireann maidir leis an mBreiteacht in 2018.

Tá imeachtaí agus ghníomhaíochtaí faisnéise poiblí eile a bhaineann le hullmhú don Bhreiteacht fós á n-eagrú ag Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí Stáit ar fud na hÉireann. Bhí breis agus 40 imeacht den sórt sin ar siúl i 16 chontae idir mí Mheán Fómhair agus mí na Nollag 2018. Is féidir sonraí ábhartha faoi na ghníomhaíochtaí agus na himeachtaí sin, agus faoi ullmhacht don Bhreiteacht go ginearálta, a fháil ar an láithreán gréasáin gov.ie/brexit

In éineacht leis na himeachtaí faoi 'Éire a Ullmhú don Bhreiteacht', réachtáladh feachtas faisnéise poiblí leanúnach ar an raidió, sna meáin chlóite, ar líne agus sna meáin shóisialta mar bhealaí eile chun faisnéis a chur ar fáil do shaoránaigh agus gnóthaí faoi na tacaíochtaí ullmhachta don Bhreiteacht atá ar fáil dóibh.



Seo Bóthair 'Éire a Ullmhú don Bhreiteacht', an tIonad Comhdhála i mí Dheireadh Fómhair 2018
© Julien Behal/ RGET



An Tánaiste Simon Coveney le Michel Barnier agus Áine Lawlor ag an gComhphlé Sibhialta Uile-Oileáin maidir leis an mBreatimeacht i mí Aibreáin 2018

Plean Gníomhaíochta Teagmhais

I mí na Nollag 2018, rinne an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, i ndlúthchomhar le Roinn an Taoisigh, foilsiú an Phlean Gníomhaíochta Teagmhais Náisiúnta a chomhordú, inar leagadh amach cur chuige na hÉireann chun plé leis an mBreatimeacht mura mbeadh aon chomhaontú aistarraingthe ann. Ba é sin an toradh a bhí ar go leor míonna oibre thar raon leathan Ranna agus Gníomhaireachtaí Stáit.

Fad is a bhí an Rialtas agus an tAontas Eorpach tiomanta do thoradh a bhaint amach trí idirbheartaíocht maidir leis an mBreatimeacht, díriodh níos mó ar ullmhúcháin teagmhais de réir mar a d'éirigh an baol níos mó nach mbeadh aon chomhaontú aistarraingthe ann, agus bhí dúshláin uathúla agus gan fasach i gceist mar gheall air sin. D'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach Cumarsáid maidir lena Phlean Gníomhaíochta Teagmhais um an mBreatimeacht a Chur Chun Feidhme i mí na Nollag 2018, inar leagadh amach bearta, agus tograí reachtúla san áireamh, a mheas sé go raibh gá leo chun maolú a dhéanamh ar na hiarmhairtí is tromchúisí ar leibhéal AE sa chás nach mbeadh aon chomhaontú aistarraingthe i gceist leis an mBreatimeacht. Is i gcoinne an chúlra sin a chuir an Rialtas a mheasúnacht i láthair ar na dúshláin atá i gceist agus na bearta maolaithe atá ar fáil chun an t-imeacht sin a bhainistiú ar an dóigh is fearr is féidir.

Leagadh amach anailís an Rialtais ina Phlean Gníomhaíochta Teagmhais, lena n-áirítear na rioscaí a bhain leis an mBreatimeacht nach mbeadh aon chomhaontú aistarraingthe i gceist leis, faoi raon ceannteideal tábhachtach:

- » An tionchar eacnamaíoch agus físcach;
- » Slándáil;
- » Tuaisceart Éireann agus an caidreamh idir an Tuaisceart agus an Deisceart
- » An caidreamh leis an mBreatain Mhór;
- » Anailísí earnálacha.

I measc na ngníomhaíochtaí sonracha a aithnítear sa Phlean Gníomhaíochta Teagmhais tá:

- » Spás agus saoráidí breise a fháil ag calafoirt agus aerfoirt chun freastal ar an líon níos mó seiceálacha agus nósanna imeachta a bheadh i gceist iontu;
- » Earcú agus athlonnú na n-oifigeach custaim agus talmhaíochta a ghéarú ionas go mbeidís ann chun na seiceálacha agus na nósanna imeachta sin a chur i gcrích de réir mar is gá;
- » Na hathruithe reachtaíochta a bhfuil gá leo a dheimhniú, mar aon leis na socrúithe chun dréachtú práinneach a dhéanamh agus nósanna imeachta géaraithe féideartha chun achtú tráthúil na reachtaíochta riachtanaí a áirithiú;
- » Raon réimsí a aithint ina mbeadh gá le tuilleadh cumarsáide leis an gCoimisiún Eorpach agus le Ballstáit eile, mar chuid den fhreagra atá ag teacht chun cinn ar leibhéal an Aontais;
- » Rannpháirtíocht leanúnach i nósanna imeachta ullmhúcháin agus fóraim ábhartha uile AE, a ndearnadh 78 fógra páirtithe leasmhara ar leithligh a fhoilsiú ag an bpointe sin dá thoradh, chun cabhrú le gnóthaí agus saoránaigh;
- » Cur i bhfeidhm iomlán leanúnach an Chomhlímistéir Taistil a éascú i gcásanna uile Breatimeachta, lena n-áirítear an tsaoráil faisnéise agus rochtain ar sheirbhísí poiblí do shaoránaigh;
- » Leanúint le clár fairsing an Rialtais maidir le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara;
- » Feachtas cumarsáide náisiúnta agus réigiúnach an Rialtais 'Éire a Ullmhú don Bhreatimeacht' a threisiú agus béim níos mó a chur ar Bhreatimeacht nach mbeadh aon chomhaontú aistarraingthe i gceist leis.



Tá Plean Gníomhaíochta Teagmhais an Rialtais ar fáil ag www.gov.ie/brexit

D'fhan cuspóirí foriomlána na hÉireann maidir leis an mBreathimeacht comhsheasmhach: iarracht a dhéanamh chun an tionchar ar thrádáil agus ar an ngeilleagar a íoslaghdú, próiseas na síochána a chosaint lena n-áirítear teorainn chrua a sheachaint, an Comhlímitéar Taistil a choinneáil agus tiomantas don Aontas Eorpach agus rannpháirtíocht ann a atreisiú. Tá cur chuige na hÉireann fós i gcomhréir leis na cuspóirí sin.

An Ceathrú Seisiún Iomlánach den Chomhphlé Sibhialta Uile-Oileáin

Bhí an ceathrú seisiún iomlánach den Chomhphlé Sibhialta Uile-Oileáin ar siúl an 30 Aibreán 2018 in Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgán. Tugadh nuashonrú ar na príomhfhorbairtí san idirbheartaíocht maidir leis an mBreathimeacht do breis agus 400 ionadaí ó thionscail agus ón tsochaí sibhialta, lena n-áirítear na gnéithe uile-oileáin, agus rinne siad breithniú ar an gcaoi is fearr a bhféadfadh pobail agus gnóthaí araon leanúint lena gcuid ullmhúchán i gcomhair an Bhreathimeachta.

Dhírigh an t-imeacht iomlánach sin go príomha ar an gcaoi a bhféadfadh daoine óga freagairt ar na dúshláin a bheidh i gceist le himeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach, agus tugadh deis cainte do dhaoine nua sa dhíospóireacht ar an mBreathimeacht i rith an lae. Rinneadh ceisteanna tráthúla amhail an geilleagar agus ceisteanna a bhaineann leis an tsochaí sibhialta a phlé, agus thug Michel Barnier, Príomh-Idirbheartaí an Choimisiúin Eorpaigh maidir leis an mBreathimeacht, an príomhthéasc.



Helen McEntee, an tAire Stáit, Ollscoil Mhá Nuad, mí Feabhra 2018 © Maxwells

Comhphlé leis na Saoránaigh maidir le Todhchaí na hEorpa

Chun deis a thabhairt do phobal na hÉireann a bheith rannpháirteach go díreach sa díospóireacht ar Thodhchaí na hEorpa, rinne an tAire Stáit Helen McEntee sraith imeachtaí maidir le Comhphlé le Saoránaigh a óstáil i gcaitheamh earrach na bliana 2018.

Thaistil sí go Gaillimh, Corcaigh, Dún na nGall, an Mhí agus go Cill Dara agus d'éist sí go díreach le hÉireannaigh faoina bhfís don todhchaí.

Iarradh ar rannpháirtithe a dtuairimí a chur in iúl maidir leis an Aontas Eorpach agus a gcuid smaointe a léiriú chun an tAontas a dhéanamh rathúil agus iomaíoch; slán agus sábháilte; inbhuanaithe; freagrach go sóisialta; agus ullamh don todhchaí.

Eagraíodh imeacht comhphlé speisialta chomh maith chun

éisteacht le hionadaithe ó na hearnálacha pobail, deonacha agus carthanachta.

Bhí Comhphlé Náisiúnta leis na Saoránaigh mar bhuaicphointe na sraithe sin, a d'óstáil an Tánaiste agus an tAire McEntee i mBaile Átha Cliath ar Lá na hEorpa, an 9 Bealtaine 2018.

I mí Dheireadh Fómhair 2018, le linn Uachtaránacht na hOstaire ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh, sheol an tAire McEntee agus Aire Cónaidhme na hOstaire don Aontas Eorpach, na hEalaíona, Cultúr agus na Meáin, Gernot Blümel, tuarascáil inste ar na Comhphléití leis na Saoránaigh.

Bhí na Comhphléití sin ina gcuid de chomhairliúcháin níos leithne le saoránaigh a reáchtáladh ar fud an Aontais Eorpaigh i gcaitheamh na bliana. I mí na Nollag, chuir Éire achoimre ar phríomhthorthaí ár gcomhairliúchán ar leibhéal náisiúnta faoi bhráid cheannairí an Aontais Eorpaigh. Beidh siad sin ina bhfaisnéis do Ráiteas Náisiúnta nua maidir leis an Aontas Eorpach.



Meirge an Fheachtais um Thodhchaí na hEorpa © RGET

Éire Dhomhanda a Fhorbairt



Éire Dhomhanda a Fhorbairt

Seoladh an Tionscnaimh Éire Dhomhanda 2025

Sheol an Rialtas *Éire Dhomhanda, Lorg Domhanda na hÉireann go dtí 2025* i mí an Mheithimh 2018, ar plean uailmhianach é a bhfuil sé mar aidhm aige go ndéanfadh Éire raon feidhme agus tionchar láithreach idirnáisiúnta na hÉireann a dhúbailt sa tréimhse go dtí 2025.

Tá an plean bunaithe ar an gcoincheap 'Foireann na hÉireann', atá ina chur chuige uile-Rialtais i leith caidreamh idirnáisiúnta a bhfuil sé mar aidhm leis Éire a chur i láthair mar áit mhaith le maireachtáil inti, le hoibriú inti, chun gnó agus infheistíocht a dhéanamh, agus chun cuairt a thabhairt uirthi. Glacfar an cur chuige 'Foireann na hÉireann' sin agus Éire páirteach in Expo 2020 in Dubai chun Éire a chur i láthair os comhair grúpa domhanda. Beidh comhordú láithreach na hÉireann ag Expo 2020 ina thionscadal suntasach don Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála sna blianta amach romhainn.

Ó seoladh an plean, tá an Roinn ag obair le comhpháirtithe Rialtais chun a cuid uailmhianta a bhaint amach. Bhí an méid seo a leanas i measc na mór-éachtaí a baineadh amach in 2018:

- » Líonra taidhleoireachta níos leithne, lena n-áirítear Ambasáidí nua in Wellington agus Monrovia, agus Ard-Chonsalacht nua in Vancouver. Cuireadh tús leis an bpleanáil maidir le hAmbasáidí a oscailt i mBogotá, in Amman, in Santiago de Chile, agus Ard-Chonsalachtaí nua a oscailt in Mumbai, Caerdydd, Los Angeles agus Frankfurt chomh maith. Leanfar leis an leathnú sin in 2019 agus 2020;
- » Misin taidhleoireachta atá ann cheana féin a threisiú chun plé leis na deiseanna agus dúshláin a bheidh ann tar éis an Bhreathimeachta;
- » Seoladh rathúil fheachtas na hÉireann le haghaidh suíochán tofa ar Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe don tréimhse 2021-2022;
- » Stádas breathnóra a fháil ag Eagraíocht na bhFrainciseoirí i mí Dheireadh Fómhair 2018;
- » Soghluaisteacht níos fearr d'Fhoireann na hÉireann agus baill foirne a athlonnú níos mó ó Ranna Rialtais éagsúla go dtí suíomhanna idirnáisiúnta tábhachtacha.



© RGET

Misin Taidhleoireachta Nua a Oscailt

Thar shaolré an chláir 'Éire Dhomhanda', tá sé beartaithe ag an Roinn 26 misean taidhleoireachta nua a oscailt thar lear agus an líonra misean atá ann faoi láthair a threisiú.

Leis an leathnú sin, méadófar tionchar na hÉireann ar fud réigiúin tosaíochta chun tacú le freagra straitéiseach ar an mBreathimeacht agus chun deiseanna a threisiú maidir le trádáil agus infheistíocht isteach a mhéadú; chun caidrimh pholaitiúla le comhpháirtithe idirnáisiúnta na hÉireann a threisiú a thuilleadh agus ár luachanna a chur chun cinn; chun ról níos gníomhach a ghlacadh i dtacú le timpeallacht idirnáisiúnta atá bunaithe ar rialacha agus í a chur chun cinn; agus chun tacú le saoránaigh Éireannacha agus ár ndiaspóra thar lear.

Táimid ag obair i ndlúthchomhar le hÚdarás Forbartha Tionscail Éireann, Fiontraíocht Éireann agus Gníomhaireachtaí Stáit eile ar shamhail de Theach na hÉireann lena soláthrófar áiseanna comhshuite le haghaidh na ranna agus na ngníomhaireachtaí uile a bhfuil baint acu le Foireann na hÉireann. Is é Mumbai san India an chéad áit a n-osclofar Teach na hÉireann faoin leathnú mar chuid d'Éire Dhomhanda 2025.



Cuirtear 'pōwhiri', nó fáilte thraidisiúnta Mhaorach, roimh an tAmbasadóir Peter Ryan © Ambasáid na hÉireann, an Nua-Shéalainn/RGET

Ambasáid na hÉireann, an Nua-Shéalainn

Chuir an tAmbasadóir Peter Ryan dintiúir faoi bhráid Sheanascair na Nua-Shéalainne Patsy Reddy an 29 Lúnasa 2018. Is é Peter an chéad Ambasadóir cónaithe ar son na hÉireann sa Nua-Shéalainn agus is é an misean in Wellington an chéad cheann a osclaíodh mar chuid d'Éire Dhomhanda.

Chaith an tAmbasadóir Korowai Maorach nó clóca searmanais don ócáid, a d'fhigh seanóir Maorach lena mbaineann oidhreacht Éireannach, chun aitheantas a thabhairt do na naisc stairiúla láidre idir Éire agus an Nua-Shéalainn.

Tacaíonn an Ambasáid le hobair Ghníomhaireachtaí Stáit na hÉireann agus chabhraigh sí chun Líonra Gnó na hÉireann sa Nua-Shéalainn a sheoladh in Wellington. Bhuail foireann na hAmbasáide le hionadaithe na ngrúpaí Éireannacha uile sa Nua-Shéalainn agus d'oibrigh siad i ndlúthchomhar le heagraithe na chéad Fhéile Éireannaí sa Nua-Shéalainn ina raibh breis agus céad imeacht cultúrtha ar siúl in Auckland, Christchurch agus Wellington. Chuir siad tús le staidéar sé mhí ar 'Thuiscintí ar Éirinn sa Nua-Shéalainn' chomh maith, lena gcuirfead faisnéis ar fáil dá gcuid oibre sna blianta amach romhainn.

Ghlac an Ambasáid páirt i bhFóram Oileáin an Aigéin Chiúin in Nárú chomh maith, agus chuir sí feasacht níos mó ar luachanna na hÉireann, ar ár dtiomantas don iltaobhachas agus ar bhfeachtas do shuíochán ar Chomhairle Slándála na Náisiúin Aontaithe chun cinn chomh maith.

Tá an Ambasáid comhshuite i dToscaireacht AE in Wellington ar bhonn sealadach. Tá seirbhísí consalachta fós á gcur ar fáil ag an Ard-Chonsalacht Onórach in Auckland, mar aon le gníomhaíochtaí ionadaíochta agus bolscaireachta.

Ard-Chonsalacht na hÉireann, Vancouver

D'oscail Éire Ard-Chonsalacht nua in Vancouver i gcúige British Columbia in iarthar Cheanada i mí Mheán Fómhair 2018. Ba é sin ár gcéad mhisean nua i gCeanada ó bunaíodh an Ambasáid in Ottawa ní 1950. Tá Frank Flood, a bhí mar Ambasadóir na hÉireann chuig an Eastóin cheana, ina cheannaire ar an gConsalachacht nua sin.

Trí Ard-Chonsalacht a oscailt in Vancouver tugtar aitheantas do na naisc stairiúla láidre idir Iarthar Cheanada agus Éire. Tá sé sin soiléir ó líon na nÉireannach, idir óg agus aosta, agus ó chúlraí éagsúla atá ina gcónaí agus ag obair in British Columbia. Ag cur le hobair Ambasáid na hÉireann in Ottawa agus an Ard-Chonsail Onóraigh in Vancouver roimhe sin, oibreoidh an Chonsalacht chun leasanna na hÉireann agus mhuintir na hÉireann a chur chun cinn agus a chosaint in Vancouver agus i réigiún níos leithne Iarthar Cheanada.

Tá ceathrar ball foirne ag an gConsalachacht faoi láthair agus tá tacaíocht chonsalachta á cur ar fáil aici do shaoránaigh Éireannacha cheana féin. I measc na n-imeachtaí a cuireadh ar siúl go dtí seo tionóladh an chéad Fhóram Pobail Consalachta chun sineirgí níos mó le heagraíochtaí pobail, agus eatarthu, a aithint agus a chur chun cinn; agus imeacht a bhí dírithe ar thrádáil a eagraíodh i gcomhar le Craobh Vancouver de Chumann Tráchtála na hÉireann-Cheanada.



Grianghraf C-D An tAmbasadóir Jim Kelly, Orla Flood, an tArd-Chonsal Frank Flood, Lar Quigley, eagraí agus ball de ICCC © Mark Montgomery, Majomo Photography

Chun taca a chur faoina cuid oibre agus í a stiúradh in 2019 agus ina dhiaidh sin, rinne an Chonsalacht tionscadal mapála nuálach do phobal na hÉireann a fhorbairt agus a choimisiúnú, atá á chur i bhfeidhm ag Líonra na mBan Éireannach in Vancouver, le tacaíocht ó Ollscoil British Columbia.



An Taoiseach Leo Varadkar i gColáiste na Rinne i mBaile Átha Cliath chun Clár na Scoileanna Domhanda a sheoladh, mí na Nollag 2018 © Julian Behal/RGET

Tá Éire ag éirí níos feiceálaí cheana féin mar thoradh ar an gConsalacht a bheith ann, agus sna blianta amach romhainn, beidh sí ina cabhair chun naisc thrádála agus infheistíochta a fhorbairt le Vancouver agus Iarthar Cheanada. Tá fás mór geilleagrach ag tarlú in Vancouver agus tá ról lárnach aige mar thairseach na tíre chun na hÁise agus forbraíodh braislí sna meáin dhigiteacha, an scannánaíocht, an léiriú teilifíse, TFC agus sa mhaoiniú ann. Tá an Chonsalacht ag obair go dlúth le Foireann na hÉireann i gCeanada agus in Iarthar na Stát Aontaithe chun deiseanna a aithint d'Éirinn sa chathair agus sa réigiún. Rinne an Chonsalacht eolaire trádála ar líne a choimisiúnú chomh maith, ina ndéantar mapáil ar na cuideachtaí go léir a bhfuil spéis acu i naisc thrádála a chur chun cinn, go háirithe sna hearnálacha tosaíochta, a bheidh ina gcuidiú chuige sin.

Clár na Scoileanna Domhanda

Chuaigh an Taoiseach Leo Varadkar, T.D., ar cuairt ar Choláiste na Rinne i mBaile Átha Cliath i mí na Nollag 2018 chun Clár na Scoileanna Domhanda a sheoladh. Faoin gclár seo, rachaidh taidhleoirí Éireannacha agus baill d'Óglaigh na hÉireann a chuaigh ar mhísín na Náisiún Aontaithe chun an tsíocháin a choimeád ar cuairt ar scoileanna ar fud na tíre chun labhairt le scoláirí faoin gclár Éire Dhomhanda, agus faoin obair a bhíonn ar bun acu thar lear. Bhí an Leas-Aimiréal Mark Mellett DSM, Ceann Foirne Óglaigh na hÉireann, in éineacht leis an Taoiseach ar a chuairt ar an Rinn.

Tabharfar bratach na Náisiún Aontaithe agus cóip de Bhrollach Chairt na Náisiún Aontaithe do gach scoil mar chuid de Chlár na Scoileanna Domhanda. Mar thoradh ar an gClár, gheobhaidh na scoláirí tuiscint níos doimhne ar an ról suntasach a bhí ag ballraíocht sna Náisiún Aontaithe inár mbeartas eachtrach agus i stair na hÉireann – lena n-áirítear an méid a chuireann an tír le misín síochánaíochta, le forbairt idirnáisiúnta, le cearta an duine agus le dí-armáil – agus na bealaí a leanfar leis an rannchuidiú sin a dhéanamh ar leibhéal na Náisiún Aontaithe sa todhchaí.

**Caidreamh idir
Éire agus an Ríocht
Aontaithe agus idir
an Tuaisceart agus
an Deisceart a
chur chun cinn**



Caidreamh idir Éire agus an Ríocht Aontaithe agus idir an Tuaisceart agus an Deisceart a Chur Chun Cinn


I mí Eanáir agus i mí Feabhra 2018, lean Rialtas na hÉireann agus Rialtas na Ríochta Aontaithe ag tacú le comhphlé ar Fheidhmeannas nua a chruthú agus ar atosú na Comhairle Aireachta Thuaidh-Theas, agus rinne siad an comhphlé sin a éascú. D'ainneoin na rannpháirtíochta déine, níor éirigh leis na comhpháirtithe comhaontú a bhaint amach.

D'oibrigh an dá Rialtas le chéile agus chuaigh siad i gcomhairle leis na páirtithe polaitiúla i dTuaisceart Éireann don chuid eile den bhliain chun iarracht a dhéanamh bonn a aithint le haghaidh próiseas polaitiúil nua lena bhféadfaí comhaontú a bhaint amach ionas go mbeadh institiúidí uile an Chomhaontaithe ag oibriú arís.

Cruinnithe Chomhdháil Idir-Rialtasach na Breataine-na hÉireann

Agus na hinstiúidí comhroinnte cumhachta cineachta fós in easnamh, mar aon leis an gComhairle Aireachta Thuaidh-Theas, rinne Rialtas na hÉireann agus Rialtas na Ríochta Aontaithe Comhdháil Idir-rialtas na Breataine-na hÉireann a thionól arís den chéad uair ó 2007 i leith, agus tionóladh cruinnithe i Londain i mí Iúil agus i mBaile Átha Cliath i mí na Samhna. Ag Comhdháil Idir-rialtas na Breataine-na hÉireann an 2 Samhain, d'athdheimhnigh na Rialtais a gcomhthiomantas do na hinstiúidí poiblí uile a bunaíodh leis

an gComhaontú agus d'oibríú éifeachtach na comhroinnte cumhachta a dhaingniú, do rialtas cineachta i dTuaisceart Éireann agus atosú na Comhairle Aireachta Thuaidh-Theas ina dhiaidh sin, mar aon le rannpháirtíocht Thuaisceart Éireann i gComhairle na Breataine-na hÉireann, a luaithe agus is féidir.



© RGET

Rinneadh an caidreamh Thiar-Thoir níos leithne a phlé ag an gComhdháil chomh maith, agus an bealach is fearr chun an caidreamh sin a chothabháil agus a fhorbairt sna cúinsí athraithe a bheidh i gceist nuair a imeoidh an Ríocht Aontaithe ón Aontas Eorpach.

Comóradh 20 bliain ar Chomhaontú Aoine an Chéasta



Comhdháil Idir-Rialtasach na Breataine-na hÉireann – Teach Uíbh Eachach i mí na Samhna 2018 © Maxwells

Rinneadh comóradh 20 bliain ar shíniú Chomhaontú Aoine an Chéasta an 10 Aibreán 2018, agus rinneadh comóradh 20 bliain ar na reifrinn sa Tuaisceart agus sa Deisceart inar tacaíodh leis an gComhaontú an 22 Bealtaine 2018.

Bhí roinnt imeachtaí polaitiúla, sibhialta agus acadúla ar siúl i mí Aibreáin agus i mí na Bealtaine chun na céimeanna ríthábhachtacha sin sa Phróiseas Síochána a chomóradh. Rinne Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, an t-imeacht is tábhachtaí a óstáil an 10 Aibreán, agus ghlac mórán díobh siúd a bhí páirteach in idirbheartaíocht 1998 páirt ann, lena n-áirítear an t-iar-Thaoiseach Bertie Ahern, an t-iar-Phríomh-Aire Tony Blair agus iar-Uachtarán Stáit Aontaithe Mheiriceá Bill Clinton, chomh maith leis an Seanadóir George Mitchell agus ceannairí pháirtithe polaitiúla Thuaisceart Éireann ag an am sin. Thug an Tánaiste príomhaitheasc ar son Rialtas na hÉireann.

Mar chuid dá chlár cuimhneacháin, rinne an Rialtas *A Further Shore* a léiriú agus a chur ar stáitse, a bhí ina imeacht cultúrtha inar léirigh cuid de na filí, ceoltóirí, aisteoirí agus ealaíontóirí is fearr in Éirinn scéal leanúnach Thuaisceart Éireann chun Síocháin agus Athmhuintearas a bhaint amach.



An Seanadóir George Mitchell in éineacht leis an Tánaiste Simon Coveney
© Julien Behal/RGET

Cuireadh *A Further Shore* ar stáitse ag an London Barbican Centre an 5 Aibreán agus ag Amharclann Lyric i mBéal Feirste an 9 Aibreán. Reachtáladh sraith imeachtaí i dTeach Uíbh Eachach i mBaile Átha Cliath an 22 Bealtaine chomh maith, chun comóradh a dhéanamh ar rith na reifreann ar Chomhaontú Aoine an Chéasta in 1998.

Rannpháirtíocht an Taoisigh agus an Tánaiste le Pobail i dTuaisceart Éireann

I mí an Mheithimh, ba é an Taoiseach Leo Varadkar T.D. an chéad Taoiseach i mbun oifige a thug cuairt ar an 'Museum of Orange Heritage' in Oirthear Bhéal Feirste. D'admhaigh agus d'aithin an Taoiseach obair an Oird Oráistigh mar eagraíocht phobail agus reiligiúnach, mar aon le ról an Mhúsaeim i stair agus traidisiúin an Oird a thaifeadadh agus mar bhealach chun tuiscint níos mó idir an dá phobal i dTuaisceart Éireann a chur chun cinn.

Tharla roinnt eachtraí slándála in 2018 chomh maith, lenar tarraingíodh aird ar an ngá le forairdeall leanúnach maidir le cúrsaí slándála i dTuaisceart Éireann. Ina measc sin bhí roinnt cásanna de mhí-ord poiblí i gceantair Thaobh an Bhogaigh agus Fountain i nDoire i mí Iúil i ndáil le ceiliúradh bliantúil an Dara Lae Dhéag de mhí Iúil. Rinne ceannairí sibhialta agus polaitiúla ó gach cuid den phobal na heachtraí sin a cháineadh go mór. Thug an Tánaiste cuairt ar Dhoire i mí Iúil chun dlúthpháirtíocht a léiriú leis na ceannairí polaitiúla, pobail agus óige uile a bhí ag obair chun deireadh a chur leis an bhforéigean agus na círéibeacha agus chun tacú le rannpháirtíocht trasphobail sa chathair.

Comóradh

In 2018, rinneadh comóradh céad bliain ar an sos cogaidh a chuir deireadh le slad an Chéad Chogaidh Dhomhanda. Leanadh le searmanais i gcuimhne ar na himeachtaí ba thábhachtaí a tharla céad bliain ó shin agus ar na daoine a cailleadh nó a gortaíodh de bharr na coinbhleachta sin, inar smaoiníodh ar stair chasta, agus idirnasctha go minic, na ndaoine in Éirinn agus sa Bhreatain le linn na tréimhse sin. D'fhreastail an tAire Heather Humphreys ar chomóradh 102 bliain ar Chath an Somme ag Halla na Cathrach i mBéal Feirste i mí Iúil, agus i mí Mheán Fómhair, d'fhreastail an Tánaiste ar shearmanas i bhFoirgnimh Chomhthionól na bPreispitéireach chun comóradh a dhéanamh ar na hÉireannaigh uile a fuair Cros Victoria sa Chéad Chogadh Domhanda.

Reachtáladh clár imeachtaí i mí Dheireadh Fómhair chun comóradh céad bliain a dhéanamh ar an lá a chuir fomhuireann Gearmánach an RMS Leinster go tóin poill in 1918, agus d'fhreastail an tAire Josepha Madigan ar an bpromhshearmanas cuimhneacháin an 10 Deireadh Fómhair i nDún Laoghaire. Cailleadh 564 duine sa tubaiste sin, arb é fós an cás aonair inar cailleadh an Líon is mó daoine i Muir Éireann.

Rinne an Taoiseach ionadaíocht ar son an Stáit ag searmanas Cuimhneacháin Céad Bliain na Fraince ar Lá an tSosa Cogaidh, a bhí ar siúl i bPáras i mí na Samhna, agus a bhí ina phointe fócais do chuimhneacháin céad bliain ar fud an domhain. Ghlac an Tánaiste páirt i searmanas an tSosa Cogaidh ag Leacht Cuimhneacháin Bhéal Feirste, fad is a ghlac an tAire Heather Humphreys páirt i searmanas an tSosa Cogaidh in Inis Ceithleann. Ghlac an tAire Stáit Damien English páirt i searmanas in Ard-Eaglais San Anna i mBéal Feirste. Bhí searmanas Cuimhneacháin an Stáit ar Lá an tSosa Cogaidh ar siúl i Reilig Ghlas Naíon agus d'fhreastail an tUachtarán Micheál D. Ó hUigínn agus an tAire Josepha Madigan air.

Rinneadh comóradh 50 bliain ar ghluaiseacht Chearta Sibhialta Thuaisceart Éireann le sraith imeachtaí, lena n-áirítear comhdháil ag Gildhalla Dhoire chun comóradh 50 bliain a dhéanamh ar an máirseáil um Chearta Sibhialta a tharla sa chathair an 5 Deireadh Fómhair 1968, agus thug an tUachtarán Micheál D. Ó hUigínn an príomhthéasc ar an ócáid sin.

Comhar idir an Tuaisceart agus an Deisceart

Cé nach raibh an Chomhairle Aireachta Thuaidh-Theas (CATT) ábalta teacht le chéile gan Feidhmeanna Thuaisceart Éireann, lean na Comhlachtaí Cur Chun Feidhme Thuaidh-Theas lena bhfeidhmeanna sainordaithe a chomhlíonadh chun comhleasa na saoránach sa dá dhlíne. Lean oifigigh ó Rúnaíocht CATT in Ard Mhacha ag oibriú le chéile chomh



An Tánaiste Simon Coveney, ag caint ag Ollscoil na Banríona i mBéal Feirste
© Julian Behal/RGET



Buaiteoirí an chomórtais do scoileanna lena ndearnadh comóradh 20 bliain ar Chomhaontú Aoine an Chéasta in éineacht leis an Tánaiste Simon Coveney © Julian Behal/RGET

maith, i gcomhréir leis an gclár oibre comhair a comhaontaíodh roimhe sin.

Rinne Comh-Rúnaíocht CATT a himeacht for-rochtana trasteorann bliantúil do scoileanna a óstáil i mí Eanáir. Ba í Sábháilteacht ar Bhóithre téama an imeachta in 2018. D'fhreastail breis agus 70 scoláire, idir 15-17 mbliana d'aois ar an imeacht. Rinneadh ionadaíocht ar shé scoil ó cheantar Ard Mhacha agus ar chúig scoil ó Mhuineachán, ó Lú agus ón gCabhán. Ritheadh an t-imeacht i gcomhar leis na baill áitiúla de Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (PSNI), leis na Gardaí Síochána atá bunaithe i Mhuineachán agus le baill de Sheirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Thuaisceart Éireann. Chuir baill d'Fhoireann Póilíneachta Comharsanachta Ard Mhacha agus baill de Chór Tráchta Mhuineacháin an léiriúchán i láthair le chéile. Bhí mic léinn ó Choláiste Oiliúna PSNI agus múinteoirí faoi oiliúint ó Choláiste an tSruatháin Mhilis i láthair chomh maith.

Rinneadh dul chun cinn maith le cur chun feidhme na gclár EU PEACE IV agus INTERREG VA le linn 2018 agus bhí an dá cheann geall le 100% i bhfeidhm faoi dheireadh na bliana. I mí na Bealtaine 2018, d'fhoilsigh Coimisiún an Aontais Eorpaigh a thograí maidir leis an gcéad bhabhta eile den Bheartas Comhtháthaithe lenar áiríodh togra le haghaidh clár speisialta nua PEACE PLUS chun cur leis an obair a rinneadh le PEACE agus INTERREG araon agus leanúint léi. Lean Grúpa na nOifigeach Sinsearach ag bualadh le chéile in 2018. Bunaíodh an grúpa sin chun maoirseacht agus tuairisciú a dhéanamh ar na gealltanais a tugadh sa Chomhaontú Tús Úrnua maidir leis an mBonneagar Thuaidh-Theas.

Éire agus Críocha Mheiriceá



Éire agus Críocha Mheiriceá

Meiriceá Thuaidh

Tá caidreamh iltaobhach láidir agus uathúil ag Éirinn le Stáit Aontaithe Mheiriceá agus le Ceanada araon. Má chuirtear le chéile iad, is ionann SAM agus Ceanada agus an comhpháirtí trádála is mó na hÉireann, agus maíonn breis agus 40 milliún duine de mhuintir Mheiriceá Thuaidh go bhfuil oidhreacht Éireannach acu. Leagadh amach cuspóirí soiléire sa straitéis Éire Dhomhanda in 2018, chun láithreacht na hÉireann i Meiriceá Thuaidh a threisiú a thuilleadh, lena n-áirítear trí chonsalachtaí nua a oscailt in Vancouver agus in Los Angeles. D'fhonn cur le haidhmeanna uailmhianacha 'Éire Dhomhanda', seolfar Straitéis nua do SAM agus do Ceanada go luath in 2019.

Cuairt an Tánaiste ar Nua-Eabhrac agus Washington, D.C.


Thug an Tánaiste cuairt ar Nua-Eabhrac agus Washington, D.C. i mí Feabhra le haghaidh sraith imeachtaí polaitiúla.

Nuair a bhí an Tánaiste i Nua-Eabhrac thug sé faoi imeachtaí chun tacú le feachtas na hÉireann le haghaidh suíochán neamhbhuan ar Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus bhuail sé le ceannairí polaitiúla agus oifigigh shinsearacha lena n-áirítear ionadaithe eagraíochtaí réigiúnacha ón Afraic, ón Meánoirthear agus ó Mheiriceá Theas. Labhair an Tánaiste faoi obair na hÉireann sna réigiúin sin, trínár gclár Cúnamh Éireann agus trínár n-obair taidhleoireachta agus ár dtosaíochtaí don bheartas eachtrach, amhail cearta an duine a chosaint agus réiteach coinbhleachtaí ar bhealach síochánta a chur chun cinn.

Nuair a bhí sé sna Stáit Aontaithe, chuir an Tánaiste seasamh na hÉireann maidir leis an mBreatimeacht chun cinn chomh maith, eadhon go bhfuil sé ina tosaíocht dúinn teorainn chrua a sheachaint agus a chinntiú nach gcuirtear isteach ar an gobhsaíocht pholaitiúil, ar an tsíocháin ná ar an tslándáil i dTuaisceart Éireann.

Thug sé spreagaitheasc ar an ábhar sin ag Ollscoil Columbia, thug sé agallamh don International Peace Institute agus d'fhreastail sé ar imeacht de chuid Cooperation Ireland chun comóradh a dhéanamh ar Chomhaontú Aoine an Chéasta dar teideal "20 Years of 'Peace'".

Bhuail an Tánaiste le hoifigigh shinsearacha na Stát Aontaithe in Washington, lena n-áirítear an Rúnaí Stáit Rex Tillerson, baill de Congressional Friends of Ireland agus oifigigh shinsearacha eile chun ábhair leasa fhrithpháirtigh a phlé.



Maggie Costello
© Ambasáid na hÉireann, SAM/RGET

Próifíl: MAGGIE COSTELLO Cúntóir Taighde, Ambasáid na hÉireann, Washington D.C.

Agus mé ag fás aníos i dteaghlach Éireannach in Chicago, níor chailleamar riamh "glasú" Abhainn Chicago ar Lá Fhéile Pádraig. A bhuíochas le m'oidhreacht Éireannach agus mo shuim i ngnóthaí trasatlantacha, rinne mé staidéar ar chaidreamh idirnáisiúnta ag American University in Washington, D.C. Tar éis gur bronnadh céim orm in 2017, bhí ríméad orm dul ag obair leis an Ambasáid in Washington. Bíodh sin mar atá, ba í mo sheanmháthair, a chasann amhráin a d'fhoghlaim sí óna seanathair Éireannach fós gach uair a chuirim glaoch uirthi, is mó a raibh sceitimíní uirthi.

In éineacht le mo chomhghleacaithe taidhleoireachta, oibrím chun leasanna beartais eacnamaíoch agus eachtraigh na hÉireann a chur chun cinn agus a chosaint sna Stáit Aontaithe. Ar an obair a dhéanaim, déanaim beartas eachtrach agus eacnamaíoch na Stáit Aontaithe a rianú, imeachtaí a chuireann stair agus cultúr saibhir na hÉireann i láthair a eagrú, agus cuairteanna ó Airí a chomhordú. In 2018 amháin, d'óstálar ochar airí, réachtálar breis is seachtó imeacht cultúir, agus d'fhreastalaíomar ar iliomad cruinnithe le hoifigigh de chuid na Stát Aontaithe chun plé a dhéanamh ar thosaíochtaí eacnamaíoch agus polaitiúla na hÉireann.

Is é Lá Fhéile Pádraig an tréimhse is gnóthaí i rith na bliana in Washington mar gheall ar chuairt bhliantúil an Taoisigh. Ar na dualgais a bhíonn orm, bíim ag déanamh idirchaidreamh idir rialtas na Stát Aontaithe agus Roinn an Taoisigh chun prótacal agus gnéithe praiticiúla na cuairte a bhainistiú, ról a thugann deis uathúil dom a bheith páirteach i roinnt gnéithe den chlár. I mbliana, chiallaigh sé sin go raibh orm Abhainn ghlas Chicago a mhalartú ar an scairdeán glas sa Teach Bán.

Tá na himeachtaí ar cheann de na gnéithe is fearr liom faoin bpost, mar go mbíonn an deis agam buaileadh le Gael-Mheiriceánaigh eile a bhíonn mórtasach as a stair theaghlaigh, cosúil liomsa agus mo sheanmháthair. Idir fhoireann na hÉireann a ghríosadh le linn na Chraobh na Sé Náisiún le mo chomhghleacaithe agus tús eolais ar Washington, D.C. a thabhairt do chuairteoirí ó Éirinn, táim an-bhuíoch as an bhfáilte chroíúil a chuir mo chomhghleacaithe san Ambasáid agus pobal na nGael-Mheiriceánach atá ag obair agus ina gcónaí in Washington romham.



Fabiola Ballesteros
© Ambasáid na hÉireann, Meicsiceo/RGET

Próifíl: FABIOLA BALLESTEROS

Comhordaitheoir Consalachta, Ambasáid na hÉireann, Meicsiceo

Fabiola Ballesteros is ainm dom agus táim go obair go bródúil ag Ambasáid na hÉireann i Meicsiceo ó bhí Aibreán 2011 ann.

Bhí Rannóg Consalachta na hAmbasáide an-ghnóthach ar fad in 2018. Bhí an-éagsúlacht ag baint le réimse na gcásanna ar déileáladh leo sa 12 thír a bhfuil an Roinn Consalachta freagrach astu (Meicsiceo, Guatamala, an Bheilís, Nicearagua, Hondúras, an tSalvadóir, Cósta Ríce, Panama, Cúba, an Cholóim, Peiriú agus Veiniséala). Caithfidh Rannóg Consalachta na hAmbasáide a bheith solúbtha, agus í ag plé le réimse ábhar idir ghnáthcheisteanna faoi phasanna ar iarraidh agus Deimhnithe Taisíl Éigeandála agus chásanna consalachta an-dáiríre ina mbíonn gá le cur chuige lách amhail bás, gortú, gabháil, ionsaí agus ionsaí gnéis.

Tá cásanna an-deacair pléite ag ár nAmbasáid le himeacht na blianta agus níorbh aon eisceacht é 2018. Cuireann na timpeallachtaí difriúla slándála agus dlí sna dtíortha éagsúla dúshlán uathúla romhainn ó lá go lá. Ní réitítear an-chuid cásanna sa réigiún seo láithreach agus bíonn gá le haird a dhírú orthu i rith an ama agus obair leantach a dhéanamh go rialta.

Bhí an t-ádh linn freisin obair i gcomhar lenár líonra ríthábhachtach de Chonsail Oinigh sa réigiún (Cancún, San Salvador, Guatamala, Líoma, Panama) chun cúnamh riachtanach a chur ar fáil do shaoránaigh de chuid na hÉireann ar fud Mheiriceá Laidineach in am a ngátair.

Ní raibh deireadh leis na hiarratais ar víosaí agus ar phasanna le linn na bliana. Mar a bheifeá ag súil, is minic a chailltear/ghoidtear pasanna nó a ndéantar damáiste dóibh. Ba mhór an chabhair é an síneadh a cuireadh leis an tseirbhís athnuachana pas ar líne don Ambasáid maidir le tacú le saoránaigh de chuid na hÉireann leis an doiciméad is tábhachtaí atá acu a athnuachan. In 2018, bhíomar toilteanach déileáil le hiarratais ó iarratasóirí ar shaoránacht na hÉirinn, daoine a bhí á héileamh mar gheall gur saoránaigh iad a dtuismitheoirí nó a seantuismitheoirí. Is nath coitianta é “Tá bród orm gur Éireannach mé”.

Is fíoronóir dom é a bheith ag obair d’Éirinn agus a bheith ag cabhrú le saoránaigh na hÉireann!

Meiriceá Laidineach agus réigiún Mhuir Chairib

Tá cearta an duine a chosaint, cothú na síochána a chur chun cinn agus coinbhleachtaí a réiteach ina bpríomhthosaíochtaí do bheartas eachtrach na hÉireann agus is léir sin ón dtacaíocht fhadtéarmach a thugamar do phróiseas na síochána sa Cholóim. Chuir Éire breis agus €2.5 milliún ar fáil in 2018 chun tacú le cur chun feidhme na gcomhaontuithe síochána, a baineadh amach trí na Náisiúin Aontaithe agus eagraíochtaí neamhrialtais sa Cholóim agus go hidirnáisiúnta a dhíríonn ar chearta an duine, ar choinbhleachtaí a chosc, ar shíocháin a chothú agus ar thacú le slite beatha do dhaoine faoin tuath.

Bhí Éire ina ball bunaidh de Chiste Iontaobhais AE don Cholóim, a úsáideadh in 2018 chun tacú le tionscadail a bhí dírithe ar cheantair thuaithe imeallaithe na Colóime a raibh an tionchar is mó ag coinbhleacht orthu, agus ar athmhuintearas agus ath-imeascadh sóisialta agus eacnamaíoch iar-chomhraiceoirí.

Lean Éire de mhaoiniú a sholáthar do Chiste Iontaobhais Ilpháirtí na Náisiúin Aontaithe don Cholóim chomh maith, a dhírigh, le bliain anuas, ar chobhsaíocht a bhaint amach i réimsí a raibh tionchar ag an gcoinbhleacht orthu, agus a thacaigh le hiar-chomhraiceoirí a ath-ionchorprú, agus a thug tacaíocht d’íospartaigh agus do chórais cheartais idirthrémhsigh, lena n-áirítear trí oibriú chun an Dlíne Speisialta do Shíocháin a threisiú.

Ina theannta sin, thug Éire maoiniú d’Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiúin Aontaithe um Chearta an Duine sa Cholóim chun monatóireacht agus maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na ngnéithe den chomhaontú síochána a bhaineann le cearta an duine.

Chomh maith le tacaíocht airgeadais, cuireann Éire tacaíocht leanúnach ar fáil i bhfoirm ceachtanna a chomhroinnt bunaithe ar ár dtaithí féin ar chothú na síochána agus ar athmhuintearas ar oileán na hÉireann. In 2018 thacaigh an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála leis an iar-Thánaiste Eamon Gilmore ina ról mar Thoscaire Speisialta AE do phróiseas na síochána sa Cholóim agus thug sí maoiniú chun saineolaí ar phróiseas na síochána i dTuaisceart Éireann a chur ar iasacht chuig Aireacht Iarchoinbhleachta na Colóime chun cabhrú le cur chun feidhme na gcomhaontuithe.

Ambasáidí Nua agus Cuairteanna Airí

Ba bhliain shuntasach é 2018 ó thaobh chaidreamh na hÉireann le Meiriceá Laidineach agus réigiún Mhuir Chairib de. Ba é an fhorbairt ba shuntasáí ná gur fógraíodh go n-osclódh Éire Ambasáidí nua sa tSile agus sa Cholóim.

Léirigh an fhógairt sin feabhas suntasach ar láithreachtaí na hÉireann sa réigiún, agus méadaíodh líon iomlán na misean taidhleoireachta ó cheithre cinn go dtí sé cinn. Chuir sé deis ar fáil freisin chun athbhreithniú a dhéanamh ar líonra na hÉireann de chreidiúintí tánaisteacha i Meiriceá Laidineach agus réigiún Mhuir Chairib, a chuir ar ár gcumas ár rannpháirtíocht a fheabhsú, ní hamháin sa Cholóim agus sa tSile, ach ar fud an réigiúin níos leithne. D'fháiltigh Éire roimh oscailt Ambasáid Pheiriú agus Ambasáid na Colóime i mBaile Átha Cliath in 2018 chomh maith, agus tá seacht misean cónaithe in iomlán ó Mheiriceá Laidineach agus réigiún Mhuir Chairib in Éirinn anois.

Rinneadh na forbairtí sin a chomhlánú le clár fairsing d'Airí ag taisteal chuig an réigiún in 2018. Thar thréimhse Lá Fhéile Pádraig, thug an tAire Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Paschal Donohoe, T.D., cuairt ar an Airgintín; thug an Príomh-Aoire agus an tAire Stáit do Ghaeilge, don Ghaeltacht agus do na hOileáin, Joe McHugh, T.D., cuairt ar an mBrasaíl; agus thug an tAire Stáit do Thurasóireacht agus Spóirt, Brendan Griffin, T.D., cuairt ar Mheicsiceo.

Anuas air sin, d'fhreastail an tAire Stáit McHugh ar insealbhú Uachtarán na Sile agus d'fhreastail an tAire Stáit le freagracht as Oiliúint, Scileanna, Nuálaíocht agus Taighde, John Halligan, T.D., ar insealbhú Uachtarán na Colóime. Bhí an tAire Stáit le freagracht as Trádáil, Fostaíocht, Gnó, Margadh Aonair Digiteach AE agus Cosaint Sonraí, Pat Breen, T.D., i gceannas ar mhisean trádála go dtí an Bhrasaíl i mí Mheán Fómhair.

Chumasaigh láithreachtaí mhéadaithe na hÉireann sa réigiún sraith de chomhairliúcháin pholaitiúla dhéthaobhacha, caibidil roinnt comhaontuithe déthaobhacha agus roinnt cruinnithe déthaobhacha ardleibhéil freisin le linn 2018.

Éire agus na Náisiúin Aontaithe



Éire agus na Náisiúin Aontaithe

Seoladh Fheachtas Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe

Ar an 2 Iúil 2018 ag Ceannteathrú na Náisiún Aontaithe i Nua-Eabhrac, sheolamar go hoifigiúil iarrthóireacht na hÉireann do shuíochán ar Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe do thréimhse 2021-2022. Cé gur fógraíodh iarrthóireacht na hÉireann ar dtús in 2005, ba é an seoladh “tús” oifigiúil chéim dheiridh an fheachtais, agus lá an toghcháin i mí an Mheithimh 2020.

Os comhair ionadaithe ón 193 ballstát de na Náisiún Aontaithe, chuir an Taoiseach Leo Varadkar T.D. agus an Tánaiste Simon Coveney T.D. iarrthóireacht na hÉireann i láthair. Thug iar-Uachtarán na hÉireann Máire Mhic Róibín agus an daonchara agus an ceoltóir Bono a gcuid tacaíochta agus a nguthanna dár n-iarrthóireacht.

Nochtadh téamaí lárnacha iarrthóireacht na hÉireann ag an seoladh: Ionbhá, Comhpháirtíocht agus Neamhspleáchas. Léirigh an t-imeacht tacaíocht láidir na hÉireann don iltaobhachas agus don smacht reatha idirnáisiúnta.

Shiúil Ambasadóirí de chuid na mBallstát agus oifigigh de chuid na Náisiún Aontaithe timpeall ceithre cheantar coimeáda, inar cuireadh béim ar thaithe, stair agus guth na hÉireann. Chuir an tAmbasadóir Geraldine Byrne Nason i láthair an físeán a ghabhann le hiarrthóireacht na hÉireann.

Rinne comhaltaí de chuid Óglaigh na hÉireann atá ag fónamh agus iarshaighdiúirí na Náisiún Aontaithe idirchaidreamh le haíonna agus labhair siad faoina seirbhís mar chuid de thiomantas 60 bliain gan stad na hÉireann do shuíochánaíocht na Náisiún Aontaithe. Chruthaigh Bord Bia suiteán ildaite a dhírigh aird ar an gclár ‘Origin Green’ agus ar thiomantas na hÉireann do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. Chuir Músaem Imirce na hÉireann (EPIC) taithí na hÉireann mar thír ar an imirce agus rannchuidiú mhuintir na hÉireann ar fud an domhain i láthair in eispéireas idirghníomhach ilmheán.

Cuireadh cultúr agus dearcadh na hÉireann ar taispeáint le linn an tseolta freisin, le léirithe ar an rince Gaelach le hacadaimh rince áitiúla ó Nua-Eabhrac agus seisiún beo ceoil thraidisiúnta le ceoltóirí a bhfuil clú agus cáil orthu ar fud an domhain.



Seoladh oifigiúil iarrthóireacht na hÉireann do shuíochán tofa ar Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe © Catapult

Chabhraigh ár mballraíocht sna Náisiún Aontaithe linn ár n-áit a ghlacadh i measc náisiún an domhain. Tacaímid le hord atá bunaithe ar rialacha maidir le gnóthaí idirnáisiúnta...

An Taoiseach Leo Varadkar, T.D.
Ceannteathrú na Náisiún Aontaithe, Nua-Eabhrac,
2 Iúil 2018

Coimisiún na Náisiún Aontaithe ar Stádas na mBan (CSW)

Buaileann Coimisiún na Náisiún Aontaithe um Stádas na mBan (CSW) le chéile i Nua-Eabhrac ar feadh coicíse gach bliain chun comhionannas inscne agus cumhachtú ban agus cailíní a chur chun cinn.

Is é CSW an dara himeacht is mó ar fhéilire na Náisiún Aontaithe, i ndiaidh Thionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, agus is é an príomhléiriú idirnáisiúnta ar rannpháirtíocht pholaitiúil na mban é, agus na mílte urlabhraithe ar son comhionannas inscne ag teacht le chéile ó rialtais agus ón tsochaí shibhialta ar fud an domhain.



Geraldine Byrne Nason, Ambasadóir na hÉireann do na Náisiúin Aontaithe, ina cathaoirleach ar an gCoimisiún um Stádas na mBan © UN Photo

In 2018, rinne Éire cathaoirleacht ar an gCoimisiún don chéad uair, agus Ionadaí Buan na hÉireann ag na Náisiúin Aontaithe, Geraldine Byrne Nason, i gceannas ar 62ú seisiún den Choimisiún, a dhírigh ar an téama ‘Dúshlán agus Deiseanna maidir le Comhionannas Inscne agus Cumhachtú Ban agus Cailíní Tuaithe a Bhaint Amach’.


Bhí David Stanton, T.D., an tAire Stáit ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar a bhfuil freagracht speisialta as Comhionannais, Inimirce agus Lánpháirtíochta i gceannas ar thoscaireacht na hÉireann don 62ú seisiún. Bhí oifigigh ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus ón Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais mar chuid den toiscaireacht. D’fhreastail ionadaithe ón tsochaí shibhialta, lena n-áirítear toiscaire óg ó Chomhlachas Domhanda na mBanóglach agus na mBanghasóg, agus Toscairí Óige na Náisiúin Aontaithe thar ceann na hÉireann ar an seisiún freisin.

Bhí David Stanton, T.D., an tAire Stáit ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar a bhfuil freagracht speisialta as Comhionannais, Inimirce agus Lánpháirtíochta i gceannas ar thoscaireacht na hÉireann don 62ú seisiún, a raibh ionadaithe ón tsochaí shibhialta agus toscairí óige mar chuid di.

Rinne an tAire Stanton cathaoirleacht ar fho-imeacht le linn an 62ú seisiún, imeacht a chomhóstáil Éire agus eagraíocht neamhrialtasach de chuid na hÉireann, Ruhama, inar pléadh gáinneáil ar ghnéas agus foirmeacha eile teacht i dtír tráchtála gnéasach ar mhná agus ar chailíní. Reáchtáil Éire roinnt fo-imeachtaí eile mór le rá freisin, lena n-áirítear imeacht amháin i gcomhpháirt le Fondúireacht um Cheartas

Aeráide Mháire Mhic Róibín ar ról na mban dúchais i ngníomhú ar son na haeráide.

Ina ról mar Chathaoirleach ar an 62ú seisiún, d’éirigh le hÉirinn an idirbheartaíocht maidir le sraith de Thátail Chomhaontaithe a éascú, ag teacht ar chomhaontú idir an 193 Ballstát uile de chuid na Náisiúin Aontaithe maidir le plean oibre faoin gcaoi ar féidir le tíortha deiseanna a fheabhsú do mhná agus cailíní tuaithe.



Ag Obair ar Son Domhan Níos Fearr



Ag Obair ar Son Domhan Níos Fearr

Comhairliúchán Poiblí ar Bheartas Forbartha Idirnáisiúnta nua na hÉireann

I mí Iúil 2018, sheol an Tánaiste agus an tAire Stáit Cannon próiseas comhairliúcháin poiblí ar bheartas nua na hÉireann ar an bhforbairt idirnáisiúnta. Chuir an próiseas deis ar fáil chun muintir na hÉireann agus príomhpháirtithe leasmhara eile a thabhairt isteach mar chuid d'fhorbairt beartais, teagmháil a dhéanamh leo maidir leis na dúshlán dhomhanda atá roimh Éirinn agus roimh an bpobal idirnáisiúnta, agus cur chuige na sochaí uile a ghlacadh don fhorbairt idirnáisiúnta.

I ndiaidh céim thosaigh d'athbhreithniú agus anailís inmheánach, d'fhorbair an Roinn páipéar comhairliúcháin poiblí inar tugadh achoimre ar threonna beartaithe don bheartas nua. Lorgaíodh aighneachtaí scríofa mar fhreagairt ar an bpáipéar, agus fuarthas 185 freagra substainteach – ina raibh breis is 1 mhilliún focal – agus fuarthas níos mó ná 14,000 aighneacht eile ó ar fud na hÉireann agus ó thimpeall an domhain.

Lean an Tánaiste agus an tAire Cannon leis an teagmháil agus leis an gcomhairliúchán le cúig chruinniú poiblí a reáchtáladh ar fud na tíre i gCorcaigh, Gaillimh, Sligeach, Luimneach agus Baile Átha Cliath. D'fhreastail réimse leathan daoine ó shochoaí na hÉireann – idir shaoránaigh aonair, mhic léinn agus oideoirí, agus ionadaithe ón tsochaí shibhialta agus ón earnáil phríobháideach – ar na cruinnithe agus chuir siad a gcuid tuairimí in iúl.

Chabhraigh na léargais, an saineolas agus an spreagadh a chuir na rannpháirtithe ar fáil sa phróiseas comhairliúcháin le cinntiú gur féidir le hÉirinn rannchuidiú ar an mbealach is éifeachtaí le haghaidh a thabhairt ar an réimse dúshlán atá roimh ár ndomhan sna deich mbliana amach romhainn.

Tá an Roinn buíoch de na mílte daoine ar fud na hÉireann agus níos faide i gcéin a raibh ionchur acu agus a chabhraigh lenár bhfís de *Domhan Níos Fearr* a chruthú.



Michelle Winthrop
© CFRA/RGET

Próifíl: MICELLE WINTHROP Speisialtóir Forbartha

Is cosúil go mbíonn an t-athrú aeráide i gcónaí sa nuacht ar an aimsir seo. Is maith an rud é go dtugtar an aird chuí air anois ach bíonn mo phost féin an-fhuadrach mar gheall air agus mé i gceannas ar cheisteanna athraithe aeráide sa Roinn. Is é an ról atá agamsa ná díriú ar an tionchar a bhíonn ag an athrú aeráide ar na daoine agus na tíortha is boichte agus is leochailí ar domhain. Táim i gcomhcheannas ar cheann d'fhoirne idirbheartaíochta an AE i ndáil leis an aeráid, a chabhraíonn leis na rialacha a shocrú trínar féidir leis na tíortha is boichte teacht ar airgead agus tacaíocht.

Tá sé de phribhléid agam freisin a bheith ag obair go dlúth le hionadaithe ó Thíortha Is Lú Forbartha i Sainghrúpa de chuid na Náisiún Aontaithe. Sa chomhthéacs sin, tá cuairt tugtha agam ar náisiún fíorbheag atáil Chiribeas, áit a gcuireann ardú ar leibhéal na farraige mar thoradh ar an athrú aeráide an tír iomlán i mbaol a dhíothaithe. Fuair mé an-spreagadh ón tír álainn sin a fheiceáil agus óna scéal a chlosteáil agus neartaíonn sé an gá práinneach le beart a dhéanamh. Bhí ról lárnach agam freisin san obair ar Straitéis na hÉireann do Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha, atá ina ráiteas láidir maidir lenár dtiomantas do chabhrú lenár gcomhoileánaigh dul i ngleic leis an athrú aeráide.

I mí Mheán Fómhair 2019, beidh ról ag Éirinn ag Cruinniú Mullaigh um an Aeráid de chuid Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe ar an gcaoi le dul i gcion ar dhaoine óga. Táimid an-tógtha faoi bheith ag cabhrú le cinntiú go gcloisfidh ceannairí domhanda guthanna óga ó gach cearn den domhan, agus tá súil againn go spreagfaidh sé tuilleadh uaillmhéine. Ní gá duit a bheith i d'eolaí chun an t-athrú aeráide a thuiscint agus cuma dhaonna a chur ar an léirscrios atá ar siúl cheana féin. Tá bliain ghnóthach eile romhainn!



Fóram Eacnamaíoch na hAfraice-na hÉireann 2018 © RGET

Fóram Eacnamaíoch na hAfraice-na hÉireann 2018

Is í an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála i gcomhar le hAmbasáidí cónaithe na hAfraice in Éirinn a eagraíonn Fóram Eacnamaíoch na hAfraice-na hÉireann (AIEF). Is é an Fóram, atá ar siúl ó 2011, an t-imeacht is tábhachtaí de theagmháil eacnamaíoch na hÉireann le tíortha na hAfraice.

In 2018, chuir an Fóram an bhéim ar na téamaí comhlántacha d'agraibhí agus mná i mbun gnó, ag tabhairt le chéile breis is trí chéad ceannaire gnó agus déantóir beartais ó Éirinn agus ón Afraic chun cloisteáil faoi na deiseanna don trádáil agus don infheistíocht mhéadaithe.

Thug an Tánaiste aitheasc oscailte an Fhóraitm agus d'fhógair sé síneadh Chlár Forbartha Agraibhí na hAfraice lena linn, tionscnamh a chomhfheidhmíonn an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Forbraíonn an Clár sin comhpháirtíochtaí idir comhlachtaí agraibhí na hÉireann agus comhpháirtithe na hAfraice, agus is é an aidhm atá leis ná tacú le fás inbhuanaithe uilechuimsitheach. Tugann an clár sínithe an rogha do chomhlachtaí Éireannacha dul i mbun comhpháirtíochta le frontair áitiúla i gcúig thír nua anois agus moltar d'fhiontrairthe ban nár bhain úsáid as an gciste go fóill cuir isteach air.



An Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha Simon Coveney le Peter Munya, Rúnai na Comh-aireachta, an Chéinia, ag AIEF 2018 © Phil Behan/ RGET

Ar na príomhchainteoirí ag AIEF 2018, bhí an tAire Talmhaíochta, Bia, agus Mara, Michael Creed, T.D., agus Rúnai na Comh-aireachta do Thrádáil, Tionscal agus Comharchumainn na Céinia, Peter Munya. Rannpháirteach sna díospóireachtaí painéil, bhí feidhmeannaigh shinsearach gnó a bhfuil an-chuid taithí acu ar fheidhmiú san Afraic agus ar aghaidh a thabhairt ar ábhair amhail dúshláin agus deiseanna don ghnó i margadh na hAfraice; gnó talmhaíochta i mbun oibre: bheith rathúil i margáí nua; mná i mbun gnó, bealaí i dtreo an ratha agus an tacaíocht atá ar fáil do ghnólaigh Éireannacha a fheidhmíonn sa Afraic.



An tSíocháin, an tSlándáil agus Cearta an Duine



An tSíocháin, an tSlándáil agus Cearta an Duine

Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil

I mí an Mheithimh 2018, d'óstáil Aonad um Réiteach Coinbhleachta na Roinne imeacht dar teideal 'Promoting Women in Peace Mediation: The Importance of Networks' in éineacht le Scoil na hÉacúiméinice, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Bhí díospóireacht phoiblí phainéil leis an Ollamh Monica McWilliams ó Ollscoil Uladh, an Dr Catherine Turner ó Ollscoil Durham agus Brendan McAllister, Idirghabhálaí de chuid na Náisiún Aontaithe mar chuid den imeacht.

Léiríodh scannán faisnéise le hEimhear O'Neill, '*Peacemakers: Wave Goodbye to Dinosaurs*', freisin. Rianaítear sa scannán faisnéise bunú Chomhghuaillíocht Ban Thuaisceart Éireann (Northern Ireland Women's Coalition) agus an ról a bhí aici le linn Idirbheartaíocht Aoine an Chéasta. Bhí seisiún Ceisteanna agus Freagraí i ndiaidh an léirithe le hIarchomhaltaí Chomhghuaillíocht na mBan, an tOllamh McWilliams agus Bronagh Hinds. Tráthnóna, d'óstáil an tAonad um Réiteach Coinbhleachta imeacht comhchéime ar leibhéal saineolaíche i dTeach Uíbh Eachach le hionadaithe ó líonraí Idirghabhála ar feadh na hEorpa ag ar pléadh an fhéidearthacht go bhforbrófaí líonra Éireannach d'idirghabhálaithe ban.

I mí an Mheithimh 2018 freisin, d'óstáil an tAonad um Réiteach Coinbhleachta ceardlann eile i dTeach Uíbh Eachach ag ar roinneadh taithí agus léargas ar mhonatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar chuspóirí maidir le mná, an tsíocháin agus an tslándáil. Agus ionadaithe ó eagraíochtaí amháil an tAontas Eorpach, an ESCE, Oifig Roinn Síochánaíochta na Náisiún Aontaithe, ECAT, an tAontas Afracach agus Mná na Náisiún Aontaithe ag freastal air, chuir an cheardlann béim ar tháscairí forbartha maidir le Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta a mheas le haghaidh chur chun feidhme leanúnach Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil. Rinne Bronagh Hinds agus Debbie Donnelly ón eagraíocht DemocraShe (a thug faoin athbhreithniú meántearma agus faoin athbhreithniú deiridh ar an dara Plean Gníomhaíochta Náisiúnta de chuid na hÉireann ar Rún 1325 ón gComhairle Slándála) cur i láthair ag an gceardlann ar thaithí na hÉireann i dtaca leis sin mar chuid de chleachtadh foghlamtha ceachta.



An tOllamh Monica McWilliams, an Dr Catherine Turner agus an Dr Walt Kilroy ag an Seimineár Idirghabhála © RGET

Dí-armáil: Ag Obair i gCoinne Airm Phléascacha i gCeantair a Bhfuil Cónaí Ionu

Is bhagairt tromchúiseach do sibhialtaigh sa ghearrthearma agus san fhadthearma í úsáid arm pléascach i gcathracha, bailte, agus ceantair eile a bhfuil cónaí iontu. Sonraítear i dTuairisc Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe ar Chosaint Sibhialtach gur tuairiscíodh gur mharaigh airm phléascacha i gceantair a bhfuil cónaí iontu breis is 20,000 sibhialtach in 2018.

Tá tionchar fadtéarmach daonnúil agus forbartha ag úsáid arm pléascach i gceantair a bhfuil cónaí iontu a mhaireann i bhfad níos faide ná na coinbhleachtaí ina n-úsáidtear iad. Cuireann léirscrios scoileanna, ospidéal, soláthairtí uisce agus bonneagar sibhialtaigh eile srian ar an bhforbairt agus féadann sé daoine a chur óna mbaile. Mura mbaintear nó mura scriostar iarsmaí pléascacha cogaidh, cuirtear bac ar an bhfóirithint dhaonnúil agus ar iompar pearsanra leighis, agus féadfar go marófaí nó go ngortófaí daoine roinnt blianta i ndiaidh dheireadh na coinbhleachta.

Is tosaíocht í d'Éirinn cosaint sibhialtach a neartú. Ag oscailt an 73ú seisiún de Thionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe i mí Mheán Fómhair 2018, léirigh an Tánaiste imní shuntasach faoin "úsáid leanúnach a bhaintear as airm phléascacha i gcoinbhleachtaí armtha i gceantair a bhfuil cónaí iontu ar fud an domhain" agus d'iarr sé ar an bpobal idirnáisiúnta iarrachtaí i bhfad níos tréine a dhéanamh chun dul i ngleic leis an dúshlán sin.



Cruinniú Ghrúpa Cur Chun Feidhme an Phlean Náisiúnta maidir le Gnó agus Cearta an Duine © Phil Behan / RGET



Breithiúna sinsearach na hÉireann ag tabhairt cuairt ar an Úcráin mar chuid de thionscnamh comhair bhreithiúnaigh de chuid Mhísean Comhairleach an Aontais Eorpaigh © EUAM Ukraine

D'iarr Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe ar Bhallstáit na Náisiún Aontaithe bearta a fhorbairt a cheapfaí chun aghaidh a thabhairt ar an díobháil dhaonnúil a chruthaíonn úsáid arm pléascach i gceantair a bhfuil cónaí iontu agus d'aithin sé an cheist sin mar phríomhghníomh i gClár Oibre Dí-armála na Náisiún Aontaithe in 2018.

Ag an gCéad Choiste de Thionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe i mí Dheireadh Fómhair 2018, fuair Éire tacaíocht 50 Stát le haghaidh Comhráiteas ar Airm Phléascacha i gCeantair a bhfuil Cónaí iontu, ag tarraingt aird ar na hiarmhairtí dhaonnúla agus ag iarraidh iarrachtaí chun comhlíonadh Dí Dhaonnúil Idirnáisiúnta a fheabhsú.

Tharraing an Comhráiteas sin aird dhomhanda ar an ngá le cosaint sibhialtach a chinntiú i gcoimhlint uirbeach agus chabhraigh sé le fuinneamh a ghiniúint do bhearta ar an gceist, lena n-áirítear fógra polaitiúil a fhorbairt.

Cur Chun Feidhme an Phlean Náisiúnta maidir le Gnó agus Cearta an Duine

Le linn 2018, leanadh leis an obair ar chur chun feidhme Phlean Náisiúnta na hÉireann maidir le Gnó agus Cearta an Duine (2017–2020) chun éifeacht a thabhairt to Threoirphrionsabail na Náisiún Aontaithe ar Ghnó agus Cearta an Duine, caighdeán idirnáisiúnta maidir leis na rioscaí de thionchar tromchúiseach ar chearta an duine mar gheall ar ghníomhaíocht ghnó a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu.

Forbraíodh an Plean i ndiaidh próiseas fairsing comhairliúcháin ina raibh páirt ag ionadaithe ón tsochaí shibhialta agus ón bpobal gnó. Lorg an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála aighneachtaí ar fhorbairt an Phlean agus a Imlíne Oibre agus fuarthas níos mó ná 30 freagra ó pháirtithe leasmhara ábhartha.

Is é is aidhm don Phlean cleachtais fhreagracha gnó a chur chun cinn sa bhaile agus thar lear i ngach frontar gnó de chuid na hÉireann i gcomhréir le tiomantas na hÉireann do chearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint ar fud an domhain. Tá sé dírithe ar Ghníomhaireachtaí Rialtais agus Stáit, ar chomhlachtaí Éireannacha a fheidhmíonn sa bhaile agus thar lear agus ar fhiontair ilnáisiúnta a fheidhmíonn in Éirinn.

Aithnítear sa Phlean roinnt gníomhartha praiticiúla lena gcur i gcrích, lena n-áirítear staidéar cuimsitheach bonnlíne ar an ggreat reatha reachtach agus rialála is infheidhme maidir le gnó agus cearta an duine in Éirinn agus cruthú Grúpa Cur Chun Feidhme um Ghnó agus Cearta an Duine chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i ngníomh an Phlean.

Bunaíodh an Grúpa Cur Chun Feidhme i mí na Nollag 2018 agus tá Breege O'Donoghue, iar-Stiúrthóir um Margaí Nua agus Forbairt Gnó ag Primark ina cathaoirleach neamhspleách air.

Rannpháirtíocht na hÉireann i gComhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC) an Aontais Eorpaigh

Cuireann Straitéis Dhomhanda an Aontais maidir leis an mBeartas Eachtrach agus Slándála faoi chúram an Aontais é an tsíocháin, an rathúnas, an daonlathas agus an smacht reachta a chur chun cinn. Cuid bhunúsach den Straitéis Dhomhanda é Comhbheartas Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh (CBSC), a chuireann cumas oibríochtúil ar fáil don Aontas chun tabhairt faoi mhisin taobh amuigh den Aontas Eorpach chun críocho síochánaíochta, coiscithe coinbhleachta agus neartaithe slándála idirnáisiúnta, i gcomhréir le prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe.

Rannchuidíonn Ballstáit de chuid an Aontas Eorpach le Misin CBSC trí shaineolaithe sibhialtacha agus míleata a sheoladh chun obair ar Mhisin thar lear. Bíonn dlúthbhaint ag na Misin le gníomhaíocht pholaitiúil, eacnamaíoch, thaidhleoireachta agus forbartha.

Tá Éire rannpháirteach go gníomhach le Misin agus Oibríochtaí sibhialtacha agus míleata CBSC araon. In 2018, d'implonnaigh an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála saineolaithe sibhialtacha san Eoraip agus sa réigiún Cugais, sa Mheánoirthear agus san Afraic chun bheith ag obair i róil bhainistíochta, oiliúna, chomhairleacha agus dlí. Tá comhaltaí den Gharda Síochána ar seirbhís freisin i Misean Smachta Reatha an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv (EULEX Kosovo).

Chomhaontaigh Airí Gnóthaí Eachtracha an Aontais Eorpaigh Comhshocrú nua Sibhialtach CBSC in 2018. Cuireann an Comhshocrú de cheangal ar Bhallstáit de chuid an Aontas Eorpach CBSC sibhialtach a neartú. Tá Éire ar cheann de na tíortha is mó a thacaíonn le CBSC sibhialtach neartaithe agus tá dlúth-theagmháil déanta aici ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus le Ballstáit eile mar chuid den phróiseas.

Mar chuid de Straitéis Dhomhanda an Aontais, glacann Éire páirt i mBuanchomhar Struchtúrtha (PESCO) freisin. Mar chuid de PESCO, tagann tíortha le chéile chun a gcumais bhainistíochta míleata géarchéime a fhorbairt in éineacht lena chéile lena n-úsáid chun tacú le hOibríochtaí CBSC.

Glacann tíortha páirt in PESCO trí oibriú le chéile ar réimse tionscadal. Tá 34 tionscadal PESCO i bhfeidhm faoi láthair agus glacann Éire páirt in dá cheann acu: tionscadal oiliúna agus tionscadal slándála muirí.



John Boylan
© RGET

Próifíl JOHN BOYLAN Beartas Slándála Idirnáisiúnta

Ba í 2018 an chéad bhliain iomlán a chaith mé ag obair leis an Roinn tar éis dom tosú mar Chéad Rúnaí i mí Lúnasa 2017. Roimhe sin, chaith mé 12 bhliain mar Oifigeach Airm in Óglaigh na hÉireann ó 2001-2014, agus trí bliana ansin ag obair le Greenpeace Australia Pacific in Sydney.

Bhí mo chúrla in Óglaigh na hÉireann an-ábhartha go háirithe agus mé ag obair in Anonad um Beartas Slándála Idirnáisiúnta na Roinne in 2018 ar cheisteanna amhail cur i gcoinne na sceimhlitheoireachta idirnáisiúnta agus drugaí mídhleathacha, an chibearshláidail, bagairtí hibrídeacha, agus bréagaisnéis. Bhí mé in ann rannchuidiú le beartas síochánaíochta na Náisiún Aontaithe de chuid na hÉireann freisin, agus seirbhís déanta agam thar lear roimhe sin le hÓglaigh na hÉireann sa Chosaiv in 2008 agus sa Sahára Thiar in 2012.

Ag bogadh dom ó thaithí níos praiticiúla an Airm go rannchuidiú le beartas eachtrach ar cheisteanna slándála agus cosanta idirnáisiúnta a fhorbairt, fuair mé tuiscint ar leith ar na himpleachtaí a bhíonn ag ár gcinntí beartais straitéisigh ar ár bpearsanra in Óglaigh na hÉireann ar an talamh.

Is gné ríthábhachtach de bheith éifeachtach sa phost seo é teagmhálaithe maithe a bheith ag duine. Mhúin an tArm dom gurb é an chéad chéim i dtreo cinneadh éifeachtach ceannais a dhéanamh ná troid le haghaidh na mhéad eolais agus is féidir. Mar an gcéanna atá sé in RGET, agus teagmhálaithe sa bhaile agus i gcéin an-tábhachtach ar fad maidir leis an méid is mó eolais agus is féidir a bhailliú chun eolas a thabhairt do chinntí beartais.

Tá mo thaithí oibre le Greenpeace suntasach freisin, toisc gur uaithe sin a fuair mé meas ar na dearcthaí a bhíonn ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus ceisteanna slándála agus cosanta á bplé a thuiscint. Maidir le beartas eachtrach na hÉireann a fhorbairt, creidim go bhfuil sé de fhreagracht orainn breathnú ar rudaí ó níos mó ná dearcadh amháin sula ndéanfaí na cinntí tábhachtacha beartais sin. Ón taobh sin de, cabhraíonn sé linn má bhíonn cúlra éagsúil againn agus cuireann sé le cur chuige na Roinne maidir le líonra de thaidhleoirí dea-oilte a bheith ag freastal inár nAmbasáidí agus inár gConsalachtaí fud fad na cruinne.



Taisceadh Ionstraimhe Daingniúcháin ag Éirinn - Leasú ar Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta, Meán Fómhair 2018 © RGET


Daingniú Leasú Kampala ar Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta ar Choir an Ionsaithe

Ar an 27 Meán Fómhair 2018, dhaingnigh an Tánaiste *Leasú Kampala ar Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta ar Choir an Ionsaithe* leis na Náisiúin Aontaithe.

Bhí sé an-oiriúnach gur thug Éire faoin gcéim sin in 2018, ós rud é gurbh é comóradh 20 bliain ar ghlacadh Reacht na Róimhe lenar bunaíodh an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta. Ba thráth an-chuí é chun ról tábhachtach na Cúirte i ndomhan ina mbíonn coinbhleacht uafásach fós a mbíonn an oiread sin daoine ag fulaingt go millteanach dá barr a aithint.

Is í an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta an t-aon chúirt bhuan choiriúil idirnáisiúnta atá in ann déantóirí na gcionta is uafásaí a thabhairt chun cuntais ar an leibhéal idirnáisiúnta. Ó bunaíodh í, bhí sí in ann a dlínse a fheidhmiú chun daoine aonair a ionchúiseamh as coireanna cinethíothaithe, coireanna in aghaidh na daonnachta agus coireanna cogaidh nuair nach mbíonn stáit in ann ionchúiseamh a dhéanamh nó nuair nach mbíonn siad ag iarraidh déanamh amhlaidh. Ó bhí 2018 ann, tá dlínse ag an gCúirt ar choir an ionsaithe.

Tá Éire tiomanta don cheartas coiriúil idirnáisiúnta, agus creideann sí go dtéann an ceartas agus an chuntasacht chun leas na síochána i gcónaí ar deireadh. Ní féidir aon saoirse ó phionós a bheith ann do dhaoine a dhéanann coireanna tromchúiseacha agus ní mór don phobal idirnáisiúnta seasamh le híospartaigh coireanna den chineál sin. Tá Éire ag tabhairt tacaíocht airgeadais le fada an lá don Chiste Iontaobhais d'Íospartaigh a bhunaigh an Chúirt.



Ag Tacú le Muintir na hÉireann



Ag Tacú le Muintir na hÉireann

Pas a Athnuachan Ar Líne

Le seoladh na Seirbhíse Athnuachana Pas ar Líne i mí an Mhárta 2017, bhí an tseirbhís ar cheann de na chéad seirbhísí athnuachana pas ar domhan a bhí go hiomlán ar líne. Ligtear leis do shaoránaigh Éireannacha ar fud an domhain a bpas a athnuachan ar líne ar ríomhaire pearsanta, ar tháibléid nó ar ghléas móibileach. Nuálaíocht shuntasach i seirbhísí do chustaiméirí don tSeirbhís Pasanna atá ann a úsáideann teicneolaíocht agus bogearraí comhéadain úsáideora den chineál is úire.

I mí na Samhna 2018, bhí an tSeirbhís Pasanna ar thús cadhnaíochta nuair a cheadaigh sí do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí iarratas a dhéanamh ar líne ar phas a bpáiste. Arís eile, bhí Éire ar cheann de na chéad tíortha ar domhan chun tabhairt faoin dúshlán sin agus athnuachan pasanna páistí ar líne á éascú.

Go nuige seo, bhain breis is 500,000 saoránach úsáid as an tseirbhís athnuachana ar líne. Tá an t-aiseolas ó chustaiméirí an-dearfach ar fad maidir le hinúsáidteacht an tsuímh agus an feabhas atá tagtha ar na hagaí comhlánaithe. In 2018, rinneadh níos mó ná 200,000 iarratas ar líne, agus ba ionann sin agus nach mór 25% de na hiarratas uile i rith na bliana.

Is í an tSeirbhís Athnuachana Pas ar Líne an príomhthionscadal chun “clár Tosaíochta do Dhigitiú” na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála chun seirbhísí digiteacha a chur ar fáil do shaoránaigh ar fud an domhain a bhaint amach. Déanann an tseirbhís tuilleadh forbartha ar thionscnaimh dhigiteacha roimhe seo amhail tabhairt isteach an Phaschárta in 2015, cárta a bhain gradaim idirnáisiúnta. An toradh a bhí uirthi ná próiseáil níos tapúla d’iarratais agus seirbhís níos fearr do chustaiméirí lena dearadh nuálach. Aithníodh an t-eispéireas uathúil úsáideora ar líne nuair a bronnadh an Gradam Státseirbhíse den Chéad Scoth uirthi in 2017 agus an gradam don Tionchar Cx is mó sa Réimse Digiteach Eispéireas Custaiméara is Fearr Rangaithe in Earnáil Phoiblí na hÉireann in 2018.

Figiúirí don tSeirbhís Pasanna le haghaidh 2017 agus 2018

Cineál iarratais	2017	2018
Líon iomlán iarratas	786,695	855,283
Líon iomlán iarratas ar líne	102,529	212,549
% iarratas a rinneadh ar líne	13%	24.8%
Líon iomlán na n-iarratas a fuarthas ó Thuaisceart Éireann	82,274	84,855
Líon iomlán na n-iarratas a fuarthas ón mBreatain Mhór	80,752	98,544
Líon iomlán na n-iarratas le haghaidh Paschárta	39,565	58,267



Tháinig méadú faoi dhó ar líon na n-iarratas ar Líne



Rinne duine as ceathrar a iarratas ar líne in 2018

Ár Saoránaigh thar Lear

Cabhair Chonsalachta

Cuireann foireann Chabhair Chonsalachta na Roinne treoir agus tacaíocht ar fáil do shaoránaigh a bhíonn i gcrúchás agus iad thar lear. Déanann foireann de chásóifigh atá bunaithe i mBaile Átha Cliath idirchaidreamh le líonra na hÉireann de níos mó ná 80 Ambasáid agus Consalacht ar fud an domhain chun cabhrú le daoine a bhíonn i gcásanna deacra. Phléigh an fhoireann le os cionn 2,300 cás nua in 2018 agus tá an uimhir sin le fanacht réasúnta seasta agus muintir na hÉireann ag taisteal níos nó ná riamh agus ag dul níos faide i gcéin – cúinsí a chruthaíonn cásanna níos éagsúla agus níos casta.

TravelWise

Is aip mhóibíleach saor in aisce a bhfuil gradam bainte aige é TravelWise a seoladh in 2016. Bíonn úsáideoirí in ann ár gcomhairle taistil is déanaí do 200 tír a sheiceáil in a aip, agus clárú chun foláirimh a fháil faoi thír shonrach. Tá TravelWise ar fáil le híoslódáil saor in aisce ar ardáin Android agus iOS araon agus tá 50,000 úsáideoir aige go dtí seo.



Jessica Pender
© RGET

Próifíl JESSICA PENDER

Seirbhísí Consalachta

Tá Rannóg na bPóstaí Thar Lear d'fhoireann Seirbhísí Consalachta na Roinne freagrach as Certificats de Coutume, nó deimhnithe saoirse chun pósta mar a thugtar orthu, a eisiúint do shaoránaigh Éireannacha a bhfuil sé ar intinn acu pósadh thar lear. Is mise an maoirseoir ar fhoireann an-ghnóthach oifigeach, a phróiseálann breis is 1,500 iarratas in aghaidh na bliana – leath de na hiarratais uile ar phósadh thar lear a fhaightear ó shaoránaigh Éireannacha. Déanann ár gcomhghleacaithe in Ambasáidí agus i gConsalachtaí ar fud an domhain iarratais eile a phróiseáil, agus is cuid de mo ról féin é treoir a thabhairt dóibh ar cheisteanna a bhaineann le hiarratais agus comhairle a chur orthu i gcásanna casta.



Seastán Consalachta ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta 2018
© RGET/ Julien Behal

Consail Oinigh

Tá líonra fairsing de nach mór 100 Consal Oinigh agus Ard-Chonsal Oinigh ag Éirinn ar fud an domhain, líonra a chuireann tacaíocht thábhachtach ar fáil do theagmháil dhomhanda na hÉireann. Cé nach ionann a gcuid feidhmeanna ó thír go céile, is minic a chuireann Consail Oinigh cúnamh agus seirbhísí consalachta ar fáil do shaoránaigh ina gceantar, cabhraíonn siad le cúrsaí trádála a chur chun cinn agus déanann siad teagmháil leis an bpobal áitiúil Éireannach, ag cabhrú le tosaíochtaí beartais eachtraigh na hÉireann a chur i bhfeidhm ar an láthair.

Seirbhísí Consalachta

Cuireann an Fhoireann consalachta réimse de sheirbhísí consalachta ar fáil do shaoránaigh na hÉireann agus do dhaoine eile freisin. Déanann Rannóg na bhFíordheimhnithe doiciméid a fhorghníomhaíodh in Éirinn a fhíordheimhniú lena n-úsáid i dtíortha eile. Rinne an fhoireann ghnóthach inár n-oifig phoiblí ar Shráid an Mhóta níos mó ná 60,000 doiciméad dleathach in 2018.

Cuireann Rannóg na bPóstaí Thar Lear litreacha sibhialta saoirseachta ar fáil do shaoránaigh de chuid na hÉireann a bhfuil sé ar intinn acu pósadh thar lear, a dheimhníonn go bhfuil siad saor le pósadh. Tá méadú tagtha ar líon na saoránach de chuid na hÉireann a roghnaíonn pósadh thar lear le blianta beaga anuas agus fuarthas níos mó ná 3,000 iarratas in 2018. Ar an meán, próiseáiltear iarratais a n-éiríonn leo laistigh de 23 lá, agus eisítear iad 60 lá roimh dháta an phósta.

Ceadaióinn Clár na mBreitheanna Coigríche d'aon duine ar rugadh seantuismitheoir leis nó léi in Éirinn iarratas a dhéanamh ar shaoránacht na hÉireann. Tá méadú suntasach tagtha ar Chlárú Breitheanna Coigríche ó tharla reifreann an Bhreitheamh i mí an Mheithimh 2016 agus bhí an líon ard go fóill in 2018 mar gheall ar fheasacht ardaíthe ar an gclár i measc shliocht shaoránaigh na hÉireann ar fud an domhain. Cé go ndéanann an-chuid cónaitheoirí sa Bhreatain iarratais, déanann an-chuid daoine sna Stáit Aontaithe, san Astráil, san Afraic Theas, i gCeanada agus i dtíortha eile iarratais freisin.

Cabhair agus Seirbhísí Consalachta in 2018

Cabhair Chonsalachta

Thug an Roinn cabhair le

2,343

cás nua inar iarradh

Cabhair Chonsalachta in 2018



Líonadh an méid sin 1.2 bád farantóireachta de chuid 'Irish Ferries'



Oibríonn líonra

Consal Oinigh agus Ard-Chonsal Oinigh

ar fud an domhain lenár nAmbasáidí agus lenár gConsalachtaí

Seirbhísí Consalachta

Rinneadh

60,372

doiciméad dleathach



An Spáinn



Aontas na nÉimríochtaí Arabacha

Litreacha Sibhialta Saoirseachta

Eisíodh

3,135



litir sibhialta saoirseachta

do shaoránaigh Éireannacha a pósadh thar lear

Na 5 Áit is Mó Toir Orthu le haghaidh Pósadh

- 1 An Iodáil
- 2 An Phortaingéil
- 3 An Spáinn
- 4 An Fhrainc
- 5 Málta

MEITHEAMH

30

An lá is mó toir air le pósadh thar lear



SAORÁNAIGH NUA

Cuireadh

17,414

breith le Clár na mBreitheanna

Coigríche in 2018

Clárú Breitheanna Coigríche

12%

2018

Fuarthas **25,283** iarratas ar **chlárú breitheanna coigríche** in 2018

Na Cúig Réigiún óna bhfuarthas an líon ba mhó iarratas ar Chlárú Breitheanna Coigríche

13,935
(55.35%)

5,211
(20.7%)

1,086
(4.37%)

750
(2.98%)

737
(2.93%)

An Bhreatain Mhór

Stáit Aontaithe Mheiriceá

An Astráil

Ceanada

An Afraic Theas

Ag Obair ar Son an Diaspóra

Back for Business

Seoladh 'Back for Business' mar chlár píolótach chun gníomhaíocht fiontraíochta a chothú agus tacaíocht a chur ar fáil di i measc eisimirceach atá ag teacht ais go hÉirinn chun cónaí nó atá tagtha ar ais le déanaí.

Á mhaoiniú ag Aonad na nÉireannach Thar Lear de chuid na Roinne, tá an clár ceaptha le tacú le gníomhaíocht fiontraíochta i measc na ndaoine siúd a tháinig ar ais le déanaí nó a bhfuil sé ar intinn acu teacht ar ais chun cónaí in Éirinn agus gnó a bhunú inti. Tugann sé aghaidh ar na dúshláin a bhíonn roimh gach fiontraí atá ag céim luath sa phróiseas, le béim ar leith ar na bacainní agus ar na dúshláin a bhíonn rompu siúd nach raibh sa tír ar feadh tamaill. Is minic a chiallaíonn sin nach mbíonn an t-eolas áitiúil, an bonn teagmhála agus na líonraí gairmiúla agus pearsanta acu chomh forbartha céanna is a bhíonn ag gnáthfiontraithe. Tá sé d'aidhm ag 'Back for Business' an bhearna sin a shárú.

Thuairiscigh an 38 rannpháirtí ar an gclár píolótach, a reáchtáladh idir mí na Samhna 2017 agus mí na Bealtaine 2018, na torthaí dearfacha seo a leanas:

- › Bhí níos mó ná leath díobh i mbun trádála;
- › Bhí seisear ina onnmhairsí den chéad uair;
- › Bhí 46 duine fostaithe acu;
- › Mhéadaigh láimhdeachas iomlán sa 38 gnó beagnach faoi dhó le linn na sé mhí den chlár;
- › Thosaigh 12 díobh siúd ag bhí ag an gcéim réamhthrádála ag an tús ag trádáil le linn na tréimhse;
- › Chruthaigh na rannpháirtithe 27 post nua le linn 'Back for Business';
- › Chuir seisear de na húnairí comhlachta tús le bheith ag onnmhairiú le linn na sé mhí;
- › Dúirt 100% díobh go molfaidís an clár do dhaoine eile.



Seoladh an tionscnamh 'Back for Business' i mí na Nollag 2018
© Orla Murray/SON Photographic Ltd / RGET



An taispeántas 'Blazing A Trail'

An taispeántas 'Blazing A Trail'

Déantar saol agus oidhreacht 21 bean chróga Éireannach de chuid dhiaspóra na hÉireann le linn an 19ú agus an 20ú haois a bhí ina gceannródaithe ar raon leathan réimsí a cheiliúradh sa taispeántas 'Blazing a Trail'. Bhí an taispeántas ar siúl in EPIC, Músaem Imirce na hÉireann, i mí na Samhna 2018. Cuirfear é roimh lucht féachana domhanda, ag dul ar camchuairt chuig Ambasáidí agus Consalachtaí na hÉireann thar lear sna blianta beaga amach romhainn, ag tabhairt aitheantais do shaol na mban ceannródaíoch seo, agus an t-aitheantas atá lán-tuillte acu.

Rinneadh ceiliúradh ar chéad bliain ó fuair mná na hÉireann an ceart chun vóta a chaitheamh i dtoghcháin tráth a raibh Éire faoi riail na Breataine fós. Aithnítear ann na hiarrachtaí a rinne mná Éireannacha aonair ar fud an domhain agus a throid chun aitheantas gairmiúil, ceartas agus cothromaíocht a fháil dóibh féin agus do dhaoine eile. Ina theannta sin, insítear sa taispeántas scéalta mhná na hÉireann i ngach cearn den domhan a bhí ina gceannródaithe in go leor réimsí: an pholaitíocht, spórt, oideachas, leigheas, litríocht, na healaíona, na heolaíochtaí agus obair dhaonnúil.



An Dr Angela Byrne, staraí tí RGET ag EPIC © Epic Museum



Faighteoirí Ghradam an Uachtaráin 2018 © Maxwells

Thug an t-eisimirce rochtain do go leor ban ar oideachas, gairmeacha agus deiseanna eile nach mbeadh ar fáil in Éirinn. D'fhág na mná sin a rian ar fud an domhain agus iad i mbun nuálaíochta i ngach réimse, réitigh siad an bealach do dhaoine eile agus rinne siad a mbealach ar a dtéarmaí féin i sochaí ina raibh na fir i gceannas.

Tá an taispeántas mar chuid de thionscadal comhoibríoch idir EPIC, Herstory agus an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála mar chuid d'obair rannpháirtíochta diaspóra na roinne. Stiúir an Dr Angela Byrne forbairt an taispeántais nuair a bhí sí ina staraí cónaithe sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.

Gradam Scothsheirbhíse an Uachtaráin

Thionscain an Rialtas Gradam Scothsheirbhíse an Uachtaráin do na hÉireannaigh Thar Lear in 2012. Tugann an Gradam aitheantas Stát na hÉireann do dhaoine atá ina gcónaí thar lear a chuireann seirbhís leanúnach agus speisialta ar fáil d'Éirinn nó do phobail Éireannacha thar lear.

Cé go bhfuil an scéim ar oscailt do gach duine atá ina gcónaí taobh amuigh d'Éirinn, tá sí dírithe go príomha ar shaoránaigh Éireannacha, orthu siúd atá i dteideal saoránacht Éireannach agus ar dhaoine de shliocht Éireannach.

I gcaitheamh na seacht mbliana ó cuireadh tús leis na Gradaim, bronnadh iad ar 71 duine suntasach ó áiteanna agus cúlraí éagsúla, a rannchuidigh le hÉirinn ar mhórán bealaí difriúla. Roghnaíodh an 71 faighteoir sin ó réimse láidir ainmnithe.

Tá sé tábhachtach go leanfadh na Gradaim d'ainmnithe ardchaighdeán a mhealladh, agus go dtarraingeoidís ar bhonn chomh leathan agus is féidir i bpobal domhanda na hÉireann. Tá rudaí iontacha á ndéanamh ag go leor daoine Éireannacha ar fud an domhain d'Éirinn agus dá bpobail áitiúla, agus is deis iad na Gradaim seo iad a aithint.

Faighteoirí Ghradam Scothsheirbhíse an Uachtaráin 2018

Bronnadh Gradaim 2018 ar na daoine seo a leanas:

Na hEalaíona, Cultúr agus Spórt
William Kennedy (na Stáit Aontaithe)
Edna O'Brien (an Bhreatain)

Gnó agus Oideachas
Munira Hamud Mutran (an Bhrasaíl)
John Lahey (na Stáit Aontaithe)

Obair Charthanach
Bridget Tighe (an Phalaistín)

Tacaíocht don Phobal Éireannach
Breege McDaid (an Bhreatain)
Tom Power (ar shlí na fírinne) (an Astráil)
Edward J. Ward (na Stáit Aontaithe)

An tSíocháin, Athmhuintearas agus Forbairt
Mary Killeen (an Chéinia)

Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht
Margaret Murnane (na Stáit Aontaithe)



Gradam an Uachtaráin © Maxwells

Rathúnas na hÉireann a Chur Chun Cinn



Rathúnas na hÉireann a Chur Chun Cinn

Lá Fhéile Pádraig, 2018

Tá Lá Fhéile Pádraig ar cheann de na laethanta saoire náisiúnta is mó cáil ar fud an domhain. Úsáideann líonra na hÉireann de níos mó ná 80 Ambasáid agus Consalacht an ceiliúradh chun ár gcultúr, stair agus luachanna a roinnt leis an domhan. Ag feidhmiú tríd an líonra sin agus le tacaíocht Gníomhaireachtaí Stáit, forbraíonn an Roinn clár bliantúil de ghníomhaíochtaí agus de cheiliúrthaí chun an trádáil, an infheistíocht agus an turasóireacht a chur chun cinn agus feiceálacht agus cáil na hÉireann a fheabhsú go hidirnáisiúnta.

Le linn thréimhse Lá Fhéile Pádraig 2018, chomhordaigh agus thacaigh an líonra Ambasáide agus Consalachta le cuairteanna an Taoisigh, an Tánaiste, 29 Aire, an Phríomh-Aoire, an Ard-Aighne, an Chinn Comhairle agus an Chathaoirligh ar 92 cathair i 38 tír chun Éire agus gnó na hÉireann a chur chun cinn. D'óstáil nó d'eagraigh an líonra Ambasáide agus Consalachta curiarracht nua de 1,302

imeacht do Lá Fhéile Pádraig, lena n-áirítear 397 imeacht pobail agus cultúir, 197 imeacht gnó amháin agus 131 cruinniú polaitiúil ardleibhéil. D'fhreastail níos mó ná sé mhilliún duine timpeall an domhain ar pharáidí agus ar imeachtaí na Féile Pádraig.

Ina theannta sin, cuireadh dath glas ar 304 láthair i 50 tír ar fud an domhain do Lá Fhéile Pádraig 2018 mar chuid den naoú Tionscnamh Glasaithe Domhanda de chuid Thurasóireacht Éireann. Bhí baint mhór ag an líonra Ambasáide agus Consalachta le cinntiú gur tharla na nglasuithe ar gach mór-roinn. Tá suntas ar leith ag dul do ghlasú Oibilisc Luxor ag Place de la Concorde i bPáras, Áras Ceoldrámaíochta Sydney, Ceanncheathrú na Náisiún Aontaithe i Nua-Eabhrac agus 39 glasú a tharla sa Pholainn amháin in 2018. Measann Turasóireacht Éireann go coimeádach gur fiú luach na nglasuithe ó thaobh chúlúch na meán de agus €10 milliún.

Thug Oibilisc Luxor, Place de la Concorde, Páras faoi Ghlasú Domhanda Thurasóireacht Éireann den chéad uair in 2018 Turasóireacht Éireann ©





Xiaolin Jiang
© Ambasáid na hÉireann, an tSín/RGET

Próifíl: XIAOLIN JIANG

Oifigeach Víosáí, Ambasáid na hÉireann, an tSín


Táim i mo bhall d'fhoireann na hOifige Víosáí in Ambasáid na hÉireann, Béising ó 2009. Sula ndeachaigh mé leis an Oifig Víosáí, rinne mé staidéar ollscoile i gCeanada agus d'oibrigh mé san earnáil phríobháideach ansin. Rinne mé iarratas ar phost le hAmbasáid na hÉireann tar éis dom bualadh le lear mór daoine Éireannacha go sóisialta ar fhilleadh dom ar Bhéising.

Bainistíonn Oifig Víosáí Bhéising iarratais ar víosa do dhaoine atá ina gcónaí ar mhórthír na Síne (Hong Cong agus Macau san áireamh) agus sa Mhongóil freisin. Oibrím as lámh a chéile le foireann thiomanta d'ochtár Cúntóirí Síneacha Víosáí agus cúigear Oifigeach Éireannach Víosáí. Oibrimid go dlúth freisin lenár gcomhghleacaithe sna Consalachtaí in Shang-hai agus i Hong Cong, chomh maith leis na 16 Ionad Iarratais ar Víosáí de chuid na hÉireann ar fud na Síne. In éineacht lena chéile, rinneamar 17,000 iarratas ar víosaí a phróiseáil in 2018, méadú níos mó ná 20% ar an mblain roimhe sin.

Bainim taitneamh as timpeallacht oibríochtaí a ghluaiseann go tapa san Oifig Víosáí. Anuas ar na dualgais phróiseála víosaí a bhíonn orm, táim freagrach freisin as teagmháil a dhéanamh le hAireacht Gnóthaí Eachtracha na Síne d'oifigigh de chuid an Síne a bhíonn ag taisteal go hÉirinn ar ghnó oifigiúil, agus lenár gcomhpháirtithe maidir le bithmhéadracht a tháifeadh i gcomhréir le Scéim Víosá na Breataine-na hÉireann.

Bliain spleodrach a bhí in 2018 don Ambasáid, mar gheall gur cuireadh tús leis na chéad naisc dhíreacha eitleite idir an tSín agus Éire go luath i mí an Mheithimh, i ndiaidh an-chuid oibre. Is údar bróid dom a rá gur lean an Oifig Víosáí de sheirbhís an-éifeachtúil ardchaighdeán a chur ar fáil dár gcustaiméirí. Is údar bróid dom freisin é gur ghlac mé páirt i roinnt tionscadal, faoi stiúir Sheirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann, a nuachóirigh seirbhís víosaí na hÉireann go mór, lena n-áirítear tabhairt isteach íocaíochtaí ar líne le déanaí.

Thar aon rud eile, bainim sult as cluiche seachtainiúil badmantain na hOifige Víosáí!



An Tánaiste le Wang Chao, Leas-Aire Gnóthaí Eachtracha Dhaon-Phoblacht na Síne © Ambasáid na hÉireann, an tSín/RGET

Éire agus Réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise

Cuairt an Tánaiste ar an tSín

Thug an Tánaiste cuairt ar an tSín ón 11-17 Márta do Lá Fhéile Pádraig 2018 agus bhí réimse dualgais pholaitíochta, eacnamaíochta, chultúir agus phobail air i gceithre chathair: Hong Cong, Shenzhen, Shang-hai agus Béising.

Bhí cuairt an Tánaiste dírithe ar theachtaireachtaí dearfacha ar gheilleagar na hÉireann a chur i láthair teagmhálaithe ardleibhéil agus ar seasamh na hÉireann ar an mBreataimeacht a chur in iúl. Ar na buaicphointí, bhí seoladh na chéad eitleite díri idir Baile Átha Cliath agus Béising.

Éire a chur chun cinn mar láthair turasoireachta, gnó agus infheistíochta san India

San India, d'oibrigh Ambasáid na hÉireann i nDeilí Nua i gcomhpháirtíocht le hÚdarás Forbartha Tionscail Éireann, Turasoireacht Éireann agus Cricket Ireland ar fheachtas uailmhianach promóisín chun Éire a chur chun cinn mar láthair turasoireachta, gnó agus infheistíochta. In éineacht lena chéile, chruthaigh an fhoireann tionscadail sraith d'fhiseáin ghairide ina raibh Ajay Jadeja, iarimreoir idirnáisiúnta clúiteach cruicéid de chuid na hIndia, agus é ag taisteal go suíomhanna ar fud na hÉireann. Craoladh na fiseáin le linn an dá chluiche idirnáisiúnta cruicéid T20 idir Éire agus an India ar an 27 agus an 29 Meitheamh agus meastar go bhfaca 250 milliún duine iad.

An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

ST. PATRICK'S DAY 2018

A GLOBAL CELEBRATION
7,000,000
From Alaska to Australia

ATTEND ST. PATRICK'S DAY PARADES AROUND THE WORLD
OUR EMBASSY NETWORK ORGANISES OVER 350 EVENTS EACH YEAR TO MARK THE DAY

CONNECTING 70 MILLION PEOPLE OF IRISH

New York City hosted the first official St. Patrick's Day parade in 1762
A curragh regatta takes place each year in Burrenban - the only event of its kind on the Mediterranean

The Chicago River was first dyed green in 1961 by the Chicago Journeymen Plumbers Union; it was the world's first "greening"

25,000 The parade in Munich is the largest in mainland Europe with 25,000 participants and spectators

The shortest St. Patrick's Day parade in the world takes place in Hot Springs, Arkansas, on the 98-foot long Bridge St.

The city of San Antonio, Texas is home to the world's only St. Patrick's Day river parade

The highest altitude St. Patrick's Day in the US takes place in Leadville, Colorado

The most easterly landmark to ever go green for St. Patrick's Day is the Scott Base in Antarctica

The (O'Connor Hall) in Luleå (Swedish Lapland), is the most northerly landmark to have been greened for St. Patrick's Day

The Great Wall of China and over 100 other iconic landmarks go green each year for St. Patrick's Day

Tokyo has the biggest and oldest St. Patrick's Day parade in Asia. There was 12 St. Patrick's Day parades in Japan last year

There are 14 St. Patrick's Day festivals in Britain. The oldest was first held in Birmingham in 1952

1,000,000+
Dublin has had an official St. Patrick's Day parade since 1881. The St. Patrick's Day festival is a week and attracts an international audience of 1 Million

New Zealand is the first and most southerly country to celebrate and go green for St. Patrick's Day each year

1st

www.dfa.ie @dfairt

Cuairt an Aire Oideachais agus Scileanna ar an Malaeisia

I Meán Fómhair 2018, thaistil an tAire Oideachais agus Scileanna, Richard Bruton, T.D., chuig an Malaeisia chun oideachas Éireannach a chur chun cinn.

Le linn a chuairte, bhuaile an tAire Bruton leis an bPríomh-Aire Mahathir Mohamad, an Leas-Phríomh-Aire agus Aire Ghnóthaí na mBan agus Forbartha Pobail, Wan Azizah, agus an tAire Oideachais, an Dr Maszlee Malik.


Bhí an tAire Bruton sa chathaoir freisin nuair a síníodh 15 Mheabhrán Tuisceana idir institiúidí ardoideachais de chuid na hÉireann agus de chuid na Malaeisia.

Lá Bloom, 2018

Tugann ceiliúradh Lá Bloom i mí an Mheithimh an deis dár nAmbasáidí agus dár gConsalachtaí oidhreacht shaibhir litríochta na hÉireann a chur os comhair an domhain. In 2018, bhí baint ag ár Íonra Misin le 28 imeacht a reáchtáil chun Lá Bloom a cheiliúradh. Ar an réimse leathan imeachtaí cruthaitheacha, bhí léamha, ceol, taispeántais agus cur chun cinn bhia na hÉireann le béile a raibh Lá Bloom mar théama acu amhail bricfeastaí i mBúdaipeist agus i Heilsincí agus bróinsí i Ságrab agus sa Bhruiséil.

Cuireadh taispeántas ar Joyce ar taispeáint sa mheitreo i mBúcairist, agus ag an Ardchonsalacht i nDún Éideann freisin. Reáchtáladh imeachtaí rathúla in ionaid chultúir agus siopaí leabhair i Liospóin, i mBeirlín agus i Vársá, chomh maith le cláir a comheagraíodh le grúpaí áitiúla amhail Ollscoil Texas in Austin.

D'óstáil an Chonsalacht in Hong Cong léamha Ulysses i níos mó ná 20 teanga agus d'óstáil ár gConsalacht in Shang-hai clár ar dóigh d'imeachtaí. Bhí léacht Lá Bloom a raibh móréilimh uirthi inar ghlac Ionad Scríbhneoirí Shang-hai agus scoláirí de chuid na Síne agus na hÉireann páirt mar chuid den chár sin. D'fhreastail 150 aoi ar thuras báid den seanré trí chroílár Shang-hai do Lá Bloom agus bhí ceol agus léamha mar chuid de agus gach deic den bhád maisithe mar radharc difriúil ón leabhar, 'Dumhach Thrá' ar an deic uachtarach san áireamh. Chinntigh an tuairisciú a rinneadh ar an imeacht sna meáin go ndeachaigh sé i bhfeidhm i bhfad níos faide ná na daoine a bhí i láthair go na milliúin lucht féachana sa tSín, rud a chabhraigh le cáil na hÉireann a mhéadú sa tSín.



Lorna Hennessy © Ardchonsalacht na hÉireann, Sydney/RGET

Próifíl: LORNA HENNESSY Ardchonsalacht na hÉireann, Sydney

Is as Baile Átha Cliath ó dhúchas mé agus táim i Sydney le beagnach 15 bliana. Tháinig mé in 2005 ar víosa saoire oibre, ag ceapadh go mbeinn anseo go ceann bliana ach d'fhan mé bliain i ndiaidh bliana agus shocraigh mé i saol Sydney.

Thosaigh mé ag obair ag an gConsalacht mar Chúntóir Feidhmiúcháin leis an Ard-Chonsal agus bhí an deis agam ó shin a bheith ag obair i roinnt réimsí de ghníomhaíochtaí laethúla na Consalachta. Bím ag tacú leis an Ard-Chonsal fós i mo phost reatha ach bíonn ról lárnach agam anois in imeachtaí na Consalachta a fhorbairt agus a bhainistiú. Áirítear leis sin tobsmaointeoireacht agus cur le smaointe agus úsáid a bhaint as mo chuid eolais áitiúil ar threochtaí Sydney chun ár dtionscadail a chur i gcrích go héifeachtach. Táim freagrach freisin as an lóistíocht a bhaineann le cuairteanna ó Airí agus ó Pharlaimint. Le himeacht na mblianta, tá réimse luachmhar teagmhálaithe agus eolais tionsaithe agam chun gnó a dhéanamh in Sydney, trí chaidrimh mhaithe oibre a fhorbairt agus a chothú go leanúnach leis an bpobal áitiúil.

Is aoibhinn liom a bheith ceangailte le hÉirinn trí mo chuid oibre agus obair na Roinne a dhéanamh agus na buntáistí ar fad a bhaineann leis an saol in Sydney a bheith agam ag an am céanna. Tá an-éagsúlacht ag baint leis an obair ag Teach na hÉireann Sydney agus sin an fáth a dtaitníonn sé an oiread sin liom. Lá ar bith, is féidir liom a bheith ag cabhrú le saoránaigh Éireannacha in am an ghátair, a bheith i mbun cuairte ar shuíomh agus a bheith ag eagrú imeacht gnó nó pobail le mo chomhghleacaithe i dTurasóireacht Éireann nó ÚFT Éireann.

Braithim gur pribhléid dom é an deis a bheith agam oibriú i gcaitheamh na mblianta le comhghleacaithe a thug spreagadh dom agus a chuir go mór le pobal na hÉireann anseo in Sydney ar a mbealach féin. I measc na mbuaicphointí domsa, bhí fáilte a chur roimh an Uachtarán Ó hUiginn agus é ar cuairt anseo in 2017 agus cabhrú le flóta Mardi Gras Aiteach agus Éireannach Sydney a eagrú, imeacht a bhíonn ar fhéilire Sydney gach uile bhliain anois.

Tionscnaimh Chultúrtha

Lá Fhéile Bríde i Londain

Is í Naomh Bríd duine de thriúr pátrún na hÉireann, ina éineacht le Naomh Colm Cille agus Naomh Pádraig a bhfuil clú air ar fud an domhain. Meastar go bhfuil féile phágánach a dtugtaí Imbolc uirthi agus a dhéanadh ceiliúradh ar thús an earraigh mar bhunús lena Lá Féile ar an 1 Feabhra. Déanann Lá Fhéile Bríde ceiliúradh ar theacht na laethanta níos faide agus na laethanta níos teo.

Chun urraim a thabhairt d'oidhreacht Bhríde mar cheannródaí mná, rinneadh Ambasáid na hÉireann i Londain ceiliúradh ar Lá Fhéile Bríde 2018 le himeacht a reáchtáladh ar an 1 Feabhra chun cruthaitheacht na mban a cheiliúradh le dhá cheann déag de thaispeántais, cainteanna, agus díospóireachtaí painéil a tionóladh an iarnóin agus an tráthnóna sin.



Díospóireacht Phainéil ar Mhná san Iriseoireacht Pholaitiúil © Malcolm McNally/RGET

D'fhreastail nach mór 400 aoi, an tUachtarán Mícheál D. Ó hUigín agus a bhean Sabina Higgins san áireamh, ar an imeacht chun ceiliúradh a dhéanamh ar rannchuidiú agus tallann ollmhór na mban i réimse éagsúil óna chéile idir cheol, scannánaíocht, choiméide, ailtireacht, fhilíocht, litríocht, fhaisean, na healaíona, amharclannaíocht, cheardaíocht, ghnó agus fhiontraíocht, eolaíocht agus teicneolaíocht.

I measc na ndaoine eile a d'fhreastail ar an imeacht, bhí an t-aisteoir, an scríbhneoir agus an léiritheoir teilifíse a bhfuil duaiseanna buaite aici Sharon Horgan, an dearthóir faisín idirnáisiúnta Orla Kiely, Príomhfheidhmeannach Fhiontraíocht Éireann Julie Sinnamón, an réalta seónna grinn aonair agus teilifíse Róisín Conaty, an ceoltóir Keeva agus Camille O'Sullivan a bhfuil buanna ar leith aici.

Seachtain na hÉireann in Los Angeles

Idir an 26 Deireadh Fómhair agus an 4 Samhain 2018, bhí clár láidir d'imeachtaí cultúir agus comhdhála in Los Angeles, ceann de príomhchathracha na cruthaitheachta ar domhan, mar chuid de Sheachtain na hÉireann. Ba é 2018 an dara



Pauline McLynn © Malcolm McNally/RGET

leagan den imeacht agus bhain sé amach na cuspóirí de bhéim a leagan ar na naisc agus na deiseanna uathúla cruthaitheacha idir Los Angeles agus Éire, Éire nua-aimseartha a chur ar taispeáint agus gairmithe cruthaitheachta Éireannacha agus Meiriceánacha a nascadh lena chéile.

Tá an meascán d'imeachtaí dírithe ar chultúr agus ar ghnó ríthábhachtach do rath Sheachtain na hÉireann in Los Angeles. Mar gheall air sin, bhí oíche amharclannaíochta a díoladh amach mar chuid d'imeacht 2018, a raibh an chuid is fearr de thallann na hÉireann atá ag obair agus ina gcónaí in Los Angeles mar chuid di agus a stiúir Philly McMahon, an stiúrthóir ó Bhaile Átha Cliath a bhfuil duaiseanna bainte aige. Mar chuid de freisin, bhí Féile Scannán Irish Screen America, oíche sheóthaispeántais coiméide nua ag an Hollywood Improv, an chéad léiriú d'oíche 'Banter' de chuid Jim Carroll agus áit chruinnithe 'clubhub' as ar tháinig deiseanna méadaithe líonraithe le linn na seachtaine. Arís eile, bhí an-tóir ar imeachtaí amhail Seothaispeántas Cheol na hÉireann, Pop Up Gaeltacht, Tobshlua Rince Ghaelaigh agus an preabspás ealaíne le MART, agus bhí móréilimh freisin ar 'Ireland Con', ardán líonraithe a dhírigh ar naisc theicneolaíochta, shiamsaíochta, nuálaíochta agus chultúir a fhorbairt idir Éire agus Los Angeles.



An tAmbasadóir Adrian O'Neill, Aisling O'Neill, Sabina Higgins, Camille O'Sullivan, an tUachtarán Ó hUigín & Darina Allen © Malcolm McNally/RGET



Saint Sister ag casadh ag Seothaispeántas Cheol na hÉireann le linn Sheachtain na hÉireann in Los Angeles ©Dean Machin

Tacaíodh le Seachtain na hÉireann in Los Angeles ar fud an Rialtais, lena n-áirítear an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála tríd an Ardchonsalacht in San Francisco, an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gnóthaí Gaeltachta, Fís Éireann, Údarás Forbartha Tionscail Éireann, Fiontraíocht Éireann, Turasóireacht Éireann agus Cultúr Éireann.



"Beauty, Queens and Playboys" arna stiúradh ag Philip McMahon le Georgina McKeivitt agus Rory O'Neill nó Panti Bliss mar is fearr aithne uirthi ag Amharclann Barnsdall, Los Angeles, Seachtain na hÉireann 2018 ©Dean Machin

Tionchar na hÉireann a Choinneáil



Tionchar na hÉireann a Choinneáil

Cuairteanna Ardleibhéil

Is bealach éifeachtach iad cuairteanna ardleibhéil go hÉirinn agus ó Éirinn chun leasanna agus luachanna na hÉireann a chur chun cinn agus ár naisc idirnáisiúnta eacnamaíochta, pholaitiúla agus chultúrtha a fhorbairt. Is deis iad freisin teagmháil a dhéanamh le pobail Éireannacha thar lear.


Déanann Rannán Prótacail na Roinne cuairteanna thar lear an Uachtarán agus cuairteanna ar Éirinn ó Cheannairí Stáit agus Rialtais, Airí Gnóthaí Eachtracha, ceannairí eagraíochtaí idirnáisiúnta agus uaisle idirnáisiúnta a pleanáil agus a reáchtáil. Ar an iomlán, bhainistigh an Rannán Prótacail 46 cuairt ar Éirinn agus uathí le linn 2018.

I measc na gcuairteanna thar lear a thug an tUachtarán in 2018, bhí Cuairteanna Stáit ar an nGréig agus an Laitvia agus Cuairt Oifigiúil ar an Liotuáin. Thug an tUachtarán faoi dhualgais oifigiúla freisin i Nua-Eabhrac, a raibh aitheasc do na Náisiúin Aontaithe mar chuid den chuairt; i bhFlórans, áit ar thug sé aitheasc Staid an Aontais de chuid Institiúidí an Aontais Eorpaigh; agus sa Ghinéiv, áit ar thug sé príomhathéasc ag Cruinniú Mullaigh na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair ar Shaol na hOibre.

Bhainistigh an Rannán Prótacail cuairteanna ar Éirinn ó réimse leathan uaisle agus toscaireachtaí ó gach cearn den domhan. Orthu siúd, bhí an chéad chuairt ó Phápa ar Éirinn le beagnach 40 bliain agus an chéad chuairt thar lear a thug Diúc agus Bandiúc Sussex tar éis a bpósta.

Chun na cuairteanna sin a pleanáil agus a reáchtáil, d'oibrigh an Rannán Prótacail go dlúth le páirtithe leasmhara in Éirinn agus ón bpobal idirnáisiúnta, lena n-áirítear Áras an Uachtarán, Ranna Rialtais eile agus Gníomhaireachtaí Stáit agus réimse Rialtas eachtrach.

Tá an Rannán Prótacail freagrach as fáilteachas foirmeálta a chur ar fáil do chuairteanna oifigiúla ar Éirinn agus dóibh siúd a thugann cuairt ar Theach Uíbh Eachach, ceanncheathrú na Roinne ar Fhaiche Stiabhna, freisin. Rinne sí 210 imeacht a bhainistiú nó a óstáil in 2018. Rinne sí bainistíocht freisin ar chaidreamh an Rialtais le hAmbasáidí eachtracha i mBaile Átha Cliath, chomh maith leo siúd atá creidiúnaithe d'Éirinn ó thar lear.



June Carr
© RGET

Próifíl: JUNE CARR Oifigeach Prótacail

Is éard is aidhm do mo phost ná a chinntiú go gcuirfí pribhléidí agus díolúintí áirithe a thugtar don Chór Taidhleoireachta in Éirinn i gcomhréir le Coinbhinsiún Víné ar Chaidreamh Taidhleoireachta, 1961 chun feidhme go héifeachtach. Tá 62 Ambasáid lonnaithe in Éirinn faoi láthair. Osclaíodh dhá cheann acu in 2018. D'oibrigh mé go dlúth leis na foirne ag na hAmbasáidí nua chun cabhrú leo na hAmbasáidí a bhunú agus ag cur comhairle orthu maidir le nósanna imeachta ábhartha riaracháin.

Cuid eile de mo ról is ea é ceapadh Consail Oinigh eachtracha in Éirinn a phróiseáil. Mar chuid dó sin, déanaim teagmháil le Ranna eile Rialtais, cuirim na ceapacháin faoi bhráid an Tánaiste lena gceadú agus ullmháim an doiciméad foirmeálta deiridh – an “Exequatur” – don cheapaí. Tá 68 Consal Oinigh ag feidhmiú in Éirinn. Rinne mé bainistíocht ar cheapadh triúr Consal Oinigh nua in 2018.

Cabhraím freisin le himeachtaí ina mbíonn an gCór Taidhleoireachta rannpháirteach a eagrú. Tá roinnt imeachtaí bliantúla ann – Beannachtaí na Bliana Úire leis an Uachtarán, an Lá Náisiúnta Comórtha, Cuimhneachán Náisiúnta an Ghorta Mhóir agus Corn Gailf George Garrett – chomh maith le roinnt imeachtaí aon uaire. In 2018, thug an Pápa Proinsias cuairt ar Éirinn i mí Lúnasa agus ar an 11 Samhain, bhí Comóradh Céad Bliain an tSosa Cogaidh againn. Reáchtáladh an Comóradh Céad Bliain ar maidin roimh Shearmanas Insealbhaithe an Uachtaráin a bhí ar siúl ní ba dhéanaí an lá sin – ba lá thar a bheith gnóthach dúinn é!

Pleanáil Beartais

Oibríonn an tAonad Pleanála Beartais go dlúth le Rannáin agus Rannóga eile ar fud na Roinne chun taighde a dhéanamh agus foirmeacha eile teagmhála a chabhraíonn le bonn eolais a chur faoin bpróiseas ceaptha beartas a bhainistiú.

Tionóladh 13 sheimineár in 2018 chun an fhoireann a thabhairt le chéile chun leas a bhaint as a gcuid saineolais nó eolais ar ábhar ar leith. Cuireann na seimineáir le tuiscint na Roinne ar réimsí sonracha beartais, cruthaíonn siad líonraí neamhfhoirmeálta oifigeach a bhfuil taithí beartais ar leith acu agus maolaíonn siad cailleadh na cuimhne institiúidí a tharlaíonn mar gheall ar uainíocht leanúnach foirne.

Cuirtear torthaí taighde agus tuairiscí seimineáir faoi bhráid ardbhainistíocht na Roinne le haghaidh tuilleadh breithnithe nó gnímh.

Cuireann an tAonad Pleanála Beartais leis an tuiscint ar cheisteanna beartais eachtraigh freisin leis na cainteanna inmheánacha i "Sraith Bheartais an Oileáin Djomhanda", gach caint á dtabhairt ag cainteoirí ar saineolaithe iad, agus iad ar oscailt do gach ball foirne sa Roinn. Clúdaítear réimse leathan ceisteanna leis na hábhair agus moltar do bhaill foirne páirt a ghlacadh i seisiúin ceisteanna agus freagraí leis na cainteoirí, chun a gcuid eolais a leathnú agus tuiscint níos fearr a fháil ar cheisteanna reatha beartais eachtraigh. D'óstáil an tAonad Pleanála Beartais 15 imeacht den chineál sin in 2018.

Ina theannta sin, forbraíonn agus cothaíonn an tAonad Pleanála Beartais naisc lena macasamhlacha i seirbhísí eachtracha eile agus le scoláirí agus meithleacha machnaimh in Éirinn agus thar lear. Cuireann siad ar chumas na Roinne a bheith ar an eolas faoi na forbairtí is déanaí i gceapadh beartas agus na príomhábhair a dtugann lucht ceaptha beartas agus anailísithe eachtracha suntas dóibh a rianú. Chuir an tAonad seacht gcuairt eachtracha i gcrích in 2018, inar freastalaíodh ar 19 gcruinniú le haonaid eachtracha pleanála beartais agus meithleacha machnaimh.



Nicole O'Neill
©RGET

Próifíl: NICOLE O'NEILL Bainisteoir Acmhainní Daonna

Is bainisteoir gairmiúil acmhainní daonna in Aonad na nAcmhainní Daonna Thar Lear mé agus tá an-chuid taithí agam san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach. Sular thosaigh mé ag obair leis an Roinn, d'oibrigh mé leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus san earnáil phríobháideach roimhe sin, áit a raibh mé i gceannas ar Athchóiriú Straitéiseach Acmhainní Daonna. Mar chuid den obair sin, rinne mé athrú claochlaitheach a bhaint amach; agus cumaísc agus éadálacha a bhainistiú ag obair le cultúir dhifriúla ag an am céanna. Tá sáreolas agam ar dhlí fostaíochta. Gné thábhachtach de mo ghairm a bhí in acmhainní daonna a ghairmiúil. Táim i mo Chomhalta den Institiúid Chairte um Pearsanra agus Forbairt agus den Institiúid Ceannaireachta agus Bainistíochta ó bhí 2010 ann.

Ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, ní bhíonn deireadh leis an obair riamh agus mé i gceannas ar ábhar acmhainní daonna d'fhoirne atá fostaithe go háitiúil ag Ambasáidí agus Consalachtaí na hÉireann thar lear, ag cinntiú formhaoirsiú buiséid agus ag bainistiú foireann éagsúil ardfheidhmíochta.

Tá clár oiliúna deartha agam freisin chun tacú le feabhsuithe ar phróisis sa Roinn agus thar lear agus táim ag obair le comhghleacaithe eile i Rannóg na nAcmhainní Daonna ar Straitéis nua um Acmhainní Daonna don Roinn. Táim ag cur le hiarracht na Roinne feidhm na nAcmhainní Daonna a neartú le bheith ina spreagthóir straitéiseach sármhaitheasa i mbainistíocht daoine.

Acmhainní Daonna na Roinne a Bhainistiú

Tá an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála tiomanta d'ionad oibre ina dtugtar meas ar dhaoine, ina gcuimsítear an éagsúlacht agus ina gcuirtear an comhionannas chun cinn. Déanann an Roinn a dícheall a bheith ar rogha na bhfostóirí inar féidir le foireann éagsúil barr a gcumais a bhaint amach. Tá na luachanna sin lárnach don chaoi a ndéanaimid seirbhísí agus ár ndaoine a bhainistiú agus don chaoi a ndéanaimid ionadaíocht ar an Stát.

Le linn 2018, d'fhorbair an Roinn Straitéis um Acmhainní Daonna don tréimhse 2019-2022 trí phróiseas leathan comhairliúcháin agus teagmhála le foireann in Éirinn agus i misin taidhleoireachta na hÉireann ar fud an domhain, agus le hionadaithe ó cheardchumainn agus Cumann Teaghlaigh Ghnóthaí Eachtracha na hÉireann. Agus an Straitéis á forbairt agus á tabhairt chun críche, tugadh aird chuí ar ár ndualgas maidir leis an gcomhionannas a chur chun cinn, an leithcheal a chosc agus cearta daonna fostaithe, custaiméirí, úsáideoirí seirbhíse agus daoine eile a mbíonn tionchar ag beartais agus pleananna na Roinne orthu a chosaint, mar a shainítear le Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine.

Léiríonn an Straitéis um Acmhainní Daonna 2019–22 croilúachanna na Roinne; is iad sin éagsúlacht, ionracas, ceannaireacht, seirbhís agus sármhaitheas. Leagtar amach inti an chaoi a bhfuil sé ar intinn againn infheistiú inár lucht saothair, chun ionad oibre níos ionchuimsithí a chothú, bainisteoirí agus ceannairí éifeachtacha a fhorbairt agus tacaíocht a chur ar fáil dóibh agus feabhas a chur ar bhaint amach tosaíochtaí acmhainní daonna ar fud na heagraíochta sna blianta amach romhainn. Díríonn an Straitéis freisin ar mhianta na Roinne maidir le timpeallacht oibre níos cothroime, níos éagsúla agus níos comhtháite a chruthú agus maidir le leanúint d'infheistiú inár gclár oibre chun tacú le hinscne agus an clár sin a leathnú.

An Plean Gníomhaíochta maidir le Comhionannas Inscne

I gcaitheamh 2018, d'fhorbair Grúpa Oibre na Roinne ar Chomhionannas Inscne Plean Gníomhaíochta maidir le Comhionannas Inscne chun tionscnaimh a stiúradh chun cothromaíocht inscne a fheabhsú agus constaicí a bhíonn le sárú ag mná chun leibhéal cinnteoireachta a bhaint amach san eagraíocht a aithint agus a bhaint. Is príomhthosaíocht é méadracht a chur ar fáil chun difríochtaí inscne a rianú ar fud na heagraíochta sula dtabharfaí isteach an reachtaíocht a bhfuiltear ag súil léi ar an Dífreach Pá idir na hInscní in 2020.

D'fhonn a chinntiú gur ionad oibre í an Roinn atá oiriúnach do theaghlaigh agus a aithníonn an saol nua-aimseartha mar atá, ina mbíonn an dinimic theaghlaigh ag athrú, go háirithe i bhfianaise postuithe thar lear, moladh córas Roinne sa Phlean Gníomhaíochta maidir le Comhionannas Inscne chun clúdach saoire mháithreachais a bhainistiú. Faoin Straitéis um Acmhainní Daonna 2019–22, tá an Roinn tiomanta do thacaíocht níos fearr a chur ar fáil do mhná atá ag dul ar shaoire mháithreachais agus do mhná atá ag filleadh ar an obair ina diaidh agus tá sí tiomanta do chlúdach a chur ar fáil do shaoire mháithreachais nó do shaoire bhreisithe eile nó do shaoire chun críocha teaghlaigh eile, nuair is féidir.

An Plean Gníomhaíochta um Chomhionannas agus Éagsúlacht

D'fhorbair Grúpa Oibre na Roinne ar Chomhionannas agus Éagsúlacht an Plean Gníomhaíochta um Chomhionannas agus Éagsúlacht, agus cheadaigh an Bord Bainistíochta é i mí an Mheithimh 2018. Tá sé d'aidhm ag an bPlean Gníomhaíochta seo tionscnaimh a stiúradh ar ionchuimsiú, comhionannas agus éagsúlacht san ionad oibre agus inár gcumarsáid inmheánach agus sheachtrach. Mar chuid den phlean, sheol an Tánaiste Líonra Foirne LADT+ na Roinne i mí an Mheitheamh 2018, an chéad líonra dá leithéid i Roinn Rialtais. Tá sé mar aidhm leis an Líonra a bheith ina spás tacúil do bhaill foirne, baill foirne ar iasacht agus céilí sa bhaile agus thar lear.

Gradaim Shármhaitheasa agus Nuálaíochta na Státseirbhíse, 2018

D'éirigh thar cionn leis an Roinn arís eile ag Gradaim Shármhaitheasa agus Nuálaíochta na Státseirbhíse in 2018, ag déanamh forbartha ar ár rath sna blianta roimhe sin. Bronnadh dhá ghradam ar an Roinn sa chatagóir Sármhaitheasa i gComhoibriú in éineacht leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt as dhá éacht thábhachtacha. Bronnadh gradam amháin as 'Na Chéad Aerbealaí Díreacha idir Éire, Béising agus Hong Cong' agus bronnadh an dara cheann as 'Rochtain ar an Margadh Mairteola sa tSín'. Thug an dá thionscadal suntas do phríomhéachtaí de chuid na hÉireann in 2018 agus léiríonn siad a éifeachtaí is féidir le Foireann Éireann a bheith nuair a oibrímid le chéile ar son an Stáit.

I mí an Mheithimh 2018, thosaigh dhá aerlíne ar eitiltí díreacha sceidealaithe a oibriú go dtí an tSín don chéad uair. Chuir sé sin 100,000 suíochán paisinéara sa bhreis go hÉirinn leis an iomlán in aghaidh na bliana, agus chuir sé bealach díreach ar fáil do lastas a iompar.

Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine

De réir Alt 42 d'Acht na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, tá oibleagáid dhlíthiúil ar gach comhlacht poiblí in Éirinn agus é de fhreagracht orthu an comhionannas a chur chun cinn, an leithcheal a chosc agus cearta daonna fostaithe, custaiméirí, úsáideoirí seirbhíse agus daoine eile a mbíonn tionchar ag a mbeartaí agus a bpleananna orthu a chosaint. Tugtar Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine air sin.

In 2018, lean an Roinn de chomhionannas agus cearta daonna foirne agus úsáideoirí a cuid seirbhísí in Éirinn a chosaint. Inár gcuid oibre thar sáile, leanamar d'abhóideacht a dhéanamh ar son na hÉireann maidir le comhionannas do dhaoine LADTI+ ag leibhéal na Náisiún Aontaithe (ag an gComhairle um Chearta an Duine go háirithe) agus an Aontais Eorpaigh, agus in eagraíochtaí réigiúnacha amhail Comhairle na hEorpa agus an ESCE.

Thacaigh líonra taidhleoireachta na hÉireann go gníomhach le cearta LADTI+ trí pháirt a ghlacadh i seimíneáir, comhdhálacha, paráidí ar son Bhród na nAerach agus imeachtaí cosúil leo ar fud an domhain. D'oibrigh Ambasáidí agus Consalachtaí na hÉireann i ndlúthchomhar freisin le Toscaireachtaí de chuid an Aontais Eorpaigh, Ambasáidí de chuid Ballstát eile den AE agus tíortha eile a bhfuil an dearcadh céanna acu chun oibriú ar son cearta daoine LADTI+, lena n-áirítear oibriú ar son díchoiriúlú gníomhaíochta gnéasaí idir daoine den inscne chéanna, áit ar cion coiriúil é, agus cur i gcoinne a coiriúlaithe, áit a bhfuiltear á meas.

Ina theannta sin, tá beartas diaspóra na hÉireann dírithe ar theagmháil a dhéanamh le réimse leathan grúpaí diaspóra, lena n-áirítear an pobal LADTI+, leis an gClár Tacaíochta d'Eisimircigh, a chuireann tacaíocht ar fáil do ghníomhaíochtaí leasa agus for-rochtana poiblí.

In 2018, bhí Éire ar an gcéad onnmhaireoir ó Iarthar na hEorpa le rochtain a fháil agus tá sé mhonarcha mairteola ceadaithe anois chun mairteoil a onnmhairiú go dtí an tSín. Cuireann oscailt an mhargaidh sin deis iontach ar fáil d'earnáil iomlán mairteola na hÉireann, idir fheirmeoirí agus phróiseálaithe. B'fhorbairtí móra ar chaidreamh Sín-Éireannach iad tús na mbealaí díreacha agus na rochtana ar an margadh mairteola, agus cabhróidh siad le borradh suntasach eacnamaíochta a chur faoi réimse earnálacha agus tosaíochtaí straitéiseacha na Roinne a bhaint amach.

Bhí an obair a rinne comhghleacaithe ar fud na Roinne ríthábhachtach chun na tionscadail sin a chur i gcrích go rathúil agus tá comhghairdeas ar leith ag dul don fhoireann i Roinn an Aigéin Chiúin agus sna hAmbasáidí i mBéising agus i Hong Cong.

Ár bhFoireann in 2018

Foireann RGET in 2018 de réir na n-uimhreacha

1762 líon foireann iomlán

Lionfadh an méid sin 3.3 eitlean de chuid Airbus



Thosaigh duine amháin as deichniúr ag obair linn den chéad uair in 2018



Ceanncheathrú vs Oifigí Thar Lear ar an 31 Nollaig 2018




43% Thar Lear




57% sa Cheanncheathrú


Líon Iomlán Foirne ar an 31 Nollaig 2018



Céatadán de réir inscne ar an 31 Nollaig 2018




Sruthanna Éagsúla ar an 31 Nollaig 2018



Líon na foirne 2014-2018

2018: 1762 ball foirne - méadú 1.1% bliain ar bhliain



Ár Rannpháirtíocht in 2018 ar na Meáin Shóisialta



cuntas Twitter oifigiúil

8 gcuntas in Éirinn agus 74 timpeall an domhain

LEANTÓIRÍ

437,445


thar na cuntais uile
méadú 28%



Is ionann an méid sin agus daonra chathair Chorcaí faoi dhó



Tháinig méadú 7,618 ar líon leantóirí an phríomhchuntais **Twitter (@dfatirl)** in 2018 agus **41,869** leantóir aige anois



Tá 53% dár lucht léitheoireachta ar Twitter baineann agus 47% fireann




43

leathanach Facebook oifigiúil

3 a riarann an cheanncheathrú agus 40 a riarann na Mísin



Úsáideoirí Facebook ar 'mhaith' leo leathanach Facebook Cheanncheathrú RGET



Tá 65% dár lucht léitheoireachta ar Facebook, 34% baineann agus 1% eile



48,014 'is maith liom' nua san iomlán ag ár leathanaigh Facebook in 2018



Na cúig áit is mó ina bhfuil ár leantóirí lonnaithe:



LEANTÓIRÍ
10,000

duine ar ár 7 gcuntas oifigiúil ar LinkedIn



Oibríonn duine as cúigear i riarachán an rialtais




Tháinig méadú 1,516 ar líon leantóirí ár leathanaigh LinkedIn atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath in 2018



D'fhéadfadh an líon daoine sin halla an 3Arena a líonadh

Ár Láithreacht Ar Líne



89

Suíomh Gréasáin d'Ambasáidí agus Consalachtaí

Cuairteanna ar Shuíomhanna Gréasáin na nAmbasáidí



An Lá is Gnothaí ar an Suíomh Gréasáin in 2018




Gléasanna

Bhain



Bhain




d'úsáideoirí an tsuímh gréasáin d'úsáideoirí úsáid as ríomhaire

Na 10 nAmbasáid thar lear de chuid na hÉireann is mó tóir ar líne

- 1 An Ind
- 2 An Bhreatain Mhór
- 3 An Rúis
- 4 Stáit Aontaithe Mheiriceá
- 5 Aontas na nÉimíróchtaí Arabacha
- 6 An Spáinn
- 7 An Astráil
- 8 Ceanada
- 9 An tSín
- 10 Poblacht na Cóiré

Na 5 Leathanach Is Mó Tóir Orthu



Breathnaíonn daoine ar 3 leathanach ar ár suíomh gréasáin ar an meán


Clár Scoláirí Uíbh Eachach

I mí na Bealtaine 2018, bhí sé de phribhléid ag an Roinn 28 mac léinn Idirbhliana ó fud fad na hÉireann a thabhairt go ceanncheathrú na Roinne, Teach Uíbh Eachach, chun blaiseadh a fháil de sheachtain i saol Sheirbhís Eachtrach na hÉireann mar chuid de Chlár Scoláirí Uíbh Eachach.

Ag forbairt ar rath an Chláir seo sna blianta roimhe seo, thug an tseachtain deis do scoláirí taithí a fháil ar réimse leathan d'obair na Roinne, smaoineamh faoi ról na hÉireann sa domhan mór agus machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir leo tionchar a imirt ar bheartas eachtrach na hÉireann amach anseo. Sa chomhthéacs sin, bhuail siad leis an Tánaiste, leis an Aire Stáit McEntee agus leis an Ard-Rúnaí Niall Burgess chun ceisteanna beartais eachtraigh a phlé, agus thug siad cuairt ar Ambasáidí eachtracha lonnaithe i mBaile Átha Cliath. Buaicphointe ar leith eile a bhí i gcuairt ar Áras an Uachtaráin, áit ar chuir an tUachtarán Micheál D. Ó hUigín fáilte rompu.

Mar chuid de Chlár Scoláirí Uíbh Eachach, ghlac na scoláirí páirt i gcleachtaí a ndearna ionsamhlú ar an bpleanáil i gcomhair cuairteanna ardleibhéil ar Éirinn, ar dheiseanna chun an trádáil a chur chun cinn thar lear a ullmhú agus a chur i láthair agus ar chúnamh consalachta a chur ar fáil i mbréagchásanna éigeandála, chomh maith le luachanna agus gníomhaíochtaí forbartha idirnáisiúnta na hÉireann a phlé freisin.

Iarratais ar Shaoráil Faisnéise agus Comhaid a Aistriú go dtí an Chartlann Náisiúnta



Straitéis Faisnéise, Cumarsáide agus Teicneolaíochta

In 2018, d'ullmhaigh an Roinn an chéad Straitéis TFC riamh dá chuid, ina ndéantar achoimre ar fhís maidir leis an gcaoi a gcuirfidh an teicneolaíocht tacaíocht ar fáil d'obair na Roinne agus do mhisin taidhleoireachta na hÉireann thar lear sa tréimhse go 2020, agus an chaoi a ndéanfaidh sí na nithe sin a chumasú.

Faoin téama 'Tionchar ár Nasc Domhanda a Uasmhéadú', féachann an Plean Gníomhaíochta a ghabhann leis an Straitéis le hobair na Roinne a athrú ó bhonn i gceithre phríomhréimse:

- » Seirbhísí Poiblí den Scoth a Chur ar Fáil;
- » Comhar Rianúil a Chur Chun Cinn;
- » Muintir na hÉireann a Chumasú agus a Chumhachtú;
- » Infheistiú inár gCumais TFC a Fhorbairt.

Tá tús curtha le príomhthionscnaimh áirithe teicneolaíochta faoin Straitéis cheana féin, lena n-áirítear tairseach dhomhanda do theagmhálaithe agus do bhainistíocht imeachtaí a chruthú, ardán digiteach maidir le deontais a riar agus iarratais ar mhaoiniú agus uasghrádú ar an teicneolaíocht deisce. Tacóidh na tionscnaimh sin le soghluaisteacht agus éifeachtúlacht foirne agus le misin taidhleoireachta na hÉireann timpeall an domhain.

Ceanglaítear an Roinn sa Straitéis feabhas a chur ar a cumas réitigh a chur i bhfeidhm i réimsí na bainistíochta taifead, na hanailísíochta sonraí, na próiseála pasanna agus ionaid oibre chomhoibríoch. Tugtar tús áite inti freisin don nuálaíocht maidir le seirbhísí a sholáthar do shaoránaigh na hÉireann ionas go dtabharfaí 'tús áite don digitíú' agus go mbeadh na seirbhísí slán agus oiriúnach do ghléasanna móibíleacha. Léirítear sin i bhforbairt leanúnach na Seirbhíse Pasanna ar an gcóras athnuachana pas ar líne.

Teicneolaíochtaí agus réitigh ghnó nua in 2018



Réiteach Ríomhaire Glúine Hibrideach
a thacaíonn le sonraí, guth, físeán




Seirbhís chun Pas
i gcomhair leanaí a athnuachan ar Líne



Córais Ghnó Inmheánacha

Forbairt ag leibhéal píolótach ar Bhainistíocht ar Chaidreamh le Custaiméirí le haghaidh


Deontas agus Maoiniú




Bogearraí do Chustaiméirí chun Comhrá a Dhéanamh ar Líne

Microsoft Dynamics 2016 do Bhainistíocht Teagmhálaithe agus Imeachtaí


TFC de réir na nUimhreacha in 2018




Tacaíocht 24/7
le Deasc Chabhreach i 90+ suíomh



iarratas ar thacaíocht ó
úsáideoirí TFC sa Roinn



4,900
físchomhdháil





Íoslódáladh



Láimhseáladh
30 milliún
ríomhphost

D'éirigh le daoine
cianrochtain a fháil
300,000 uair



Ár mBuiséad do 2018

Leithdháileadh caiteachas na Roinne in 2018 ar shé Chlár Caiteachais a fhreagraíonn do na Spriocanna Ardleibhéil mar a leagtar amach iad i Ráiteas Straitéise 2017–2020 na Roinne.

Rinneadh cúig cinn de na Cláir sin a bhainistiú le creat caiteachais Vóta 28 (Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil) agus rinne an ceann eile a bhainistiú le creat Vóta 27 (Comhar Idirnáisiúnta). San áireamh leis na leithdháilí buiséid do gach Clár, tá costais riaracháin pá agus neamhphá a thabhaíonn aonaid ghnó RGET in Éirinn agus misin taidhleoireachta na hÉireann timpeall an domhain. Cuireadh na Cláir i bhfeidhm chun tacú le príomhthosaíochtaí oibre na Roinne mar a dhéantar cur síos orthu sa Tuarascáil Bhliantúil seo.

—

Bíonn caiteachas na Roinne á stiúradh ag tiomantas uileghabhálach do luach ar airgead a thabhairt do cháiníocóirí na hÉireann, do chinntiú go dtabharfaimis cuntas i dtaobh an mhéid a chaithimid agus don trédhearcacht maidir lenár ngnóthaíocht airgeadais.

—

Ba ionann leithdháileadh iomlán ollchaiteachais 2018 do Vóta 28 in 2018, leithdháileadh Caipitil €10.5 milliún san áireamh, agus €238 milliún (i gcomparáid le níos mó ná €228 milliún in 2017, méadú +4%). B'ionann an leithdháileadh iomlán riaracháin do Vóta 28 in 2018 agus €176 milliún, méadú +8% ar leithdháileadh 2017. Baineann an t-iarmhéid leis an gcaiteachas Clár.


Ba iad an Clár Athchóirithe Pasanna, an infheistíocht leanúnach i TFC chun tacú le líonra domhanda mhisin taidhleoireachta na hÉireann chomh maith le hinfeistíocht i réadmhaoine Stáit agus oscailt misin nua taidhleoireachta faoi chlár Éire Dhomhanda príomhfhócais na hinfeistíochta caipitil in 2018.

Chuir an Rialtas oll-leithdháileadh de thart ar €707 milliún ar fáil do Chúnamh Oifigiúil Forbartha (COF) in 2018. Rinne Rannán um Chomhar Forbartha agus na hAfraice de chuid na Roinne €500 milliún dó sin a riar faoi Vóta 27 - Comhar Idirnáisiúnta. Ba ionann sin agus méadú €26 milliún (nó méadú tuairim is 4% ar leibhéal athbhreithnithe 2017). Ba é seo an tríú bliain as a chéile freisin inar mhéadaigh an Rialtas an leithdháileadh iomlán ar COF agus cuireann sé tuilleadh fianaise ar fáil ar thiomantas na hÉireann do dhul chun cinn inbhuanaithe a dhéanamh céim ar chéim i dtreo sprioc COF na Náisiún Aontaithe de 0.7% den Ollioncam Náisiúnta faoi 2030.


Cuntais na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála - Vóta 28

Cláir	Olltoradh 2017	Olltoradh Sealadach 2018
A  "Muintir na hÉireann"	€70,568m	€78,023m
B  "Ár nÁit san Eoraip"	€22,657m	€26,557m
C  "Ár Luachanna"	€48,862m	€42,516m
D  "Ár Rathúnas"	€30,934m	€32,658m
E  "Ár dTionchar"	€49,237m	€48,363m
Caiteachas Iomlán	€222,258m	€228,117m
F Leithreasáí i gCabhair	€63,222m	€65,685m
	159,036	€162,432m

Olltoradh 2017



Olltoradh Sealadach 2018



Cuntais na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála


Vóta 27: Comhar Idirnáisiúnta

Clár: Obair ar an mbochtaineacht agus an t-ocras a laghdú


Olltoradh de réir Figiúirí Fotheidil in €000anna

Fotheideal		Olltoradh 2017	Olltoradh 2018
A.1	Riarachán - pá	13,857	15,597
A.2	Riarachán - neamhphá	12,109	12,338
A.3	Comhoibriú déthaobhach agus cúnamh daonnúil	367,854	384,642
A.4	Ranníocaíochtaí le cistí idirnáisiúnta chun leasa tíortha i mbéal forbartha	53,200	60,757
A.5	Ranníocaíochtaí leis na Náisiúin Aontaithe agus le gníomhaireachtaí forbartha eile	37,260	41,125
Ollchaiteachas		484,280	514,459
B	Leithreasaí i gCabhair	1,340	1,240
Glanchaiteachas		482,940	513,219

Olltoradh 2017



Olltoradh 2018



■ Riarachán - pá
■ Riarachán - neamhphá

■ Comhoibriú déthaobhach agus cúnamh daonnúil
■ Ranníocaíochtaí le cistí idirnáisiúnta chun leasa tíortha i mbéal forbartha
■ Ranníocaíochtaí leis na Náisiúin Aontaithe agus le gníomhaireachtaí forbartha eile

Cuntais na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

Vóta 27: Comhar Idirnáisiúnta

Cúnamh Oifigiúil Forbartha na hÉireann

Cúnamh Oifigiúil Forbartha na hÉireann	€ Milliún 2018	€ Milliún 2017
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála - Vóta 27	514.87	490.75
Ranna Rialtais agus Rannócaíochtaí Eile le Buiséad an AE don Chomhar um Fhorbairt	271.60	252.67
COF Iomlán	786.47	743.42
OTN	251,826	233,149
COF mar % den OTN	0.31%	0.32%
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála - Vóta 27 mar % den COF Iomlán	65%	66%
Ranna Rialtais agus Rannócaíochtaí Eile le Buiséad an AE don Chomhar um Fhorbairt mar % de COF Iomlán	35%	34%

Vóta 27: Comhar Idirnáisiúnta

Anailís ar Chúnamh Déthaobhach / Iltaobhach

	€ Milliún 2018	€ Milliún 2017
COF Déthaobhach		
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála - Vóta 27	390.20	389.16
Ranna Rialtais agus Rannócaíochtaí Eile le Buiséad an AE don Chomhar um Fhorbairt	40.88	47.85
COF Déthaobhach Iomlán	431.08	437.01
COF Iltaobhach		
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála - Vóta 27	124.68	101.59
Ranna Rialtais agus Rannócaíochtaí Eile le Buiséad an AE don Chomhar um Fhorbairt	230.72	204.81
COF Iltaobhach Iomlán	355.40	306.40
COF Iomlán	786.47	743.41
COF Déthaobhach mar % den COF Iomlán	55%	59%
COF Iltaobhach mar % den COF Iomlán	45%	41%

* Úsáideann na hlarscribhinní seo sainmhínte an ECFE don Chúnamh Déthaobhach agus Iltaobhach.

Measúnacht agus Iniúcháireacht

Is príomhról de chuid Aonad Measúnachta agus Iniúcháireachta na Roinne é rannchuidiú le spriocanna ardleibhéil na Roinne a bhaint amach tríd an bhfoghlaím roinnte a chur chun cinn, freagracht a chur ar fáil, bonn eolais a chur ar fáil do bheartas, do chaiteachas agus do chinntí eile agus cur le feabhsú feidhmíochta agus cumas measúnachta níos leithne RGET.

San áireamh leis an bpríomhobair ar thug an tAonad fúithi in 2018, bhí athbhreithniú gasta ar ‘Domhan Amháin, Todhchaí Amháin’, beartas forbartha idirnáisiúnta na hÉireann roimhe seo. Ghabh an t-athbhreithniú sin an dul chun cinn agus na ceachtanna is mó ó Dhomhan Amháin, Todhchaí Amháin le bheith mar ionchur leis an mbeartas nua forbartha idirnáisiúnta, *Domhan Níos Fearr*. Lena chois sin, ag smaoinéamh ar *Domhan Níos Fearr* a ullmhú, rinne an tAonad measúnacht ar na hacmhainní reatha foirne do bhainistíocht chomhpháirtithe sa Rannán um Chomhar Forbartha agus na hAfraice de chuid na Roinne.

Is cuid lárnach d’obair an Aonaid é cultúr na measúnachta a chur chun cinn. D’óstáil sé imeacht plé dar theideal “Evaluating Long Term Transition” in 2018 freisin, inar breithníodh an ról a bhíonn ag an meastóireacht i mbonn eolais a chur faoi bheartais Rialtais mar fhreagra ar an athrú aeráide.

Ó thaobh na hiniúcháireachta de, cinntíonn an tAonad éifeachtúlacht chórais rialachais bainistíochta riosca agus rialaithe inmheánaigh na Roinne.

Ar na príomhréimsí oibre, bhí measúnacht ar ullmhacht na Roinne don Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí a tháinig i bhfeidhm i mí na Bealtaine 2018; iniúchadh ar chóras bainistíochta riosca na Roinne; agus iniúchtaí ar roinnt Ambasáidí thar lear. Ina theannta sin, i gcomhar lenár macasamhlaithe sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannas, rinne an tAonad iniúchadh ar na socrúithe rialachais maidir leis an tseirbhís víosa a sholáthar ag misin taidhleoireachta na hÉireann thar lear. Lean an tAonad de sheirbhísí comhairleacha gnó agus frith-chalaoise a chur ar fáil ar fud na Roinne freisin.



An Roinn Gnóthaí
Eachtracha agus Trádála
Department of
Foreign Affairs and Trade

